# Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall 2016 -2022

## Imleabhar 2

## Réimsí Gníomhaíochta PÁEP Dhún na nGall

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

## Na Réimsí Gníomhaíochta

Cuimsíonn an doiciméad seo na Réimsí Gníomhaíochta a aithníodh chun straitéis ardleibhéil an Phlean a bhaint amach agus léiríonn sé an phríomh-mheicníocht le Spriocanna agus le Cuspóirí an phlean a sheachadadh trí bhearta ar leith a thabhairt chun cinn d'fhorbairt eacnamaíoch agus pobail ar leibhéal áitiúil. Tá gach réimse gníomhaíochta ar leith ceaptha chun cuspóir áirithe ardleibhéil a chur i bhfeidhm agus tá sé sin bainteach go díreach le Spriocanna Tosaíochta an Phlean a bhaint amach. Tá ceithre chomhpháirt a chuireann taca faoi na Réimsí Gníomhaíochta; is iad sin:

- **Daingean, comhtháite, amtheoranta** agus **sannta.**

**Réimsí Gníomhaíochta Daingne**

Seo clár daingean réimsí gníomhaíochta ar dá réir a d'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe, le linn an Plean a chur i bhfeidhm, tionscnaimh, tionscadail agus nó dreasachtaí de chineál malartach/breise a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Mar thoradh ar an gcur chuige seo, beifear in ann déileáil le cúinsí mear-athraitheacha nó le cúinsí gan choinne amhail cláir mhaoiniúcháin nó athrú eagrúcháin, mar shampla. Dá bhrí sin, de réir mar atá an Plean á chur i bhfeidhm, ach ar bhonn bliantúil ar a laghad, féadfar na réimsí gníomhaíochta a leasú, féadfar cur leo nó féadfar iad a fhágáil ar lár ionas go mbeidh an Plean solúbtha agus dinimiciúil fós i leith cúinsí athraitheacha.

**Réimsí Gníomhaíochta Comhtháite**

Tagann roinnt réimsí gníomhaíochta chun cinn arís mar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faoi roinnt cuspóirí éagsúla agus, freisin, i ndáil le roinnt Spriocanna, is é sin le rá, mar dhúbláil dhíreach dhiongbháilte nó mar athrú ar bhéim áirithe. Is léiriú é sin ar chineál comhtháite na ngnéithe Eacnamaíochta agus Pobail den Phlean agus ar an tslí ina dtabharfaidh gníomhaíochtaí aghaidh ar riachtanais eacnamaíochta agus ar riachtanais phobail ag an am céanna.

**Réimsí Gníomhaíochta Amtheoranta**

A mhéid agus ab fhéidir, leagadh síos tréimhse ama theoranta maidir le cur i bhfeidhm gach réimse gníomhaíochta ar leith i gcomhthéacs an réimse a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma. I roinnt cásanna, beidh gá le gníomhaíocht láithreach, ghearrthéarmach i leith réimsí gníomhaíochta chun clocha míle áirithe a bhaint amach agus is é a leanfaidh as sin ná gné níos mó nó níos straitéisí a chur i gcrích san fhadtéarma. I gcásanna den sórt sin, tá meascán roghanna de chineál gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach sainaitheanta de réir mar is cuí.

**Réimsí Gníomhaíochta Sannta**

Tá comhpháirtithe forfheidhmiúcháin as an earnáil phoiblí, as an earnáil phríobháideach agus as an earnáil phobail & dheonach sannta do gach Réimse Gníomhaíochta ar leith. Sa chuid is mó cásanna, moltar cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh agus sampla de sin is ea sainaithint 2 chomhpháirtithe forfheidhmiúcháin nó níos mó agus tá na comhpháirtíochtaí comhdhéanta de dhuine/daoine atá freagrach as cur i bhfeidhm i leith gnéithe áirithe amtheoranta agus de chomhpháirtithe comhoibríoch gaolmhara.

## Sprioc 1: Dún na nGall a Fhorbairt mar Áit Nasctha

| Sprioc 1: Dún na nGall a Fhorbairt mar Áit Nasctha<br>Cuspóirí | | |
|---|---|---|
| 1.1. | Nasctha go digiteach | Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn go hiomlán mar Chontae atá Nasctha go digiteach |
| 1.2. | Uilechuimsitheacht dhigiteach | Rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach a fheabhsú chun uilechuimsiú Dhún na nGall a chinntiú, chun leithlisiú agus eisiamh sóisialta a laghdú, chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus chun a chinntiú go mbeidh nascacht chuimsitheach ann do mhuintir Dhún na nGall. |
| 1.3. | Iompar Tuaithe | Seirbhísí iompair tuaithe a chothú agus a fhorbairt tuilleadh i nDún na nGall |
| 1.4. | Comhoibriú | Cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta a chothú, agus tacú le cur chuige den sórt sin, chun soláthar forbartha inbhuanaithe pobail agus eacnamaíochta sa Chontae a éascú sna codanna agus sna hearnálacha go léir dá bhfuil ann. |
| 1.5. | Diaspóra | Teagmháil a dhéanamh le pobal domhanda Dhún na nGall agus an Contae a chur chun cinn ar bhonn domhanda. |
| 1.6. | An Geatabhealach | Geatabhealach Leitir Ceanainn a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh mar áit 'Nasctha'. |
| 1.7. | Lárionaid Forbartha | Gréasán nasctha Lárionad Forbartha a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do lonnaíochtaí chun fás spásúlachta atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn. |
| 1.8. | Gaeltacht Dhún na nGall | A chinntiú go ndéantar Gaeltacht Dhún na nGall a fhorbairt go hiomlán agus í nasctha go hiomlán mar chuid den Chontae ina iomláine. |
| 1.9. | Siúl & Rothaíocht | Nascacht agus rochtain a chur chun cinn trí bhealaí siúil agus rothaíochta. |
| 1.10. | Cúrsaí Muirí | Nascacht mhuirí le Contae Dhún na nGall, agus laistigh de, agus rochtain ar an earnáil mhuirí, a fhorbairt. |
| 1.11. | Bonneagar Straitéiseach | Soláthar comhordaithe 'Nascacht' a chinntiú agus infheistíocht a aimsiú chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail i réigiún an Iarthuaiscirt. |
| 1.12. | An Gréasán Leabharlann | Rannchuidiú le nascacht fheabhsaithe i gContae Dhún na nGall trí leanúint de ghréasán straitéiseach leabharlann poiblí a sholáthar agus trí bhonneagar leabharlainne agus seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil go héifeachtach tríd an ngréasán sin agus trí thionscnaimh ghaolmhara. |
| 1.13. | Daoine nasctha | Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chontae a bhfuil daoine, pobail agus eagraíochtaí nasctha. |

## Sprioc 1: Gníomhaíochtaí

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.1.** | Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn go hiomlán mar Chontae atá Nasctha go digiteach | 1.1.1. | Tacú le cur chun feidhme Plean Gníomhaíochta Digiteach Chontae Dhún na nGall | **ERNACT, CCDnG,** ÚnaG, ITLC, FÉ, FÉ, ÚFT, RPFAN, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhpháirtithe tionscail | G-M-F |
| | | 1.1.2. | Faireachlann Teicniúil Dhigiteach a bhunú chun taighde, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar réitigh Ardluais don Chontae agus chun glacadh ICT a spreagadh. | **ERNACT,** CCDnG, RPFAN, ITLC, FÉ, ÚFT | G |
| | | 1.1.3. | Deiseanna a fhiosrú agus a chur chun cinn, mar ábhar tosaíochta, chun líonra leathanbhanda athléimneach ardluais a chinntiú ar fud an Chontae, lena n-áirítear na hoileáin. | **RPFAN,** CCDnG, ÚnaG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M |
| | | 1.1.4. | Ionchas Tionscadail Kelvin agus na MAN a chur chun cinn agus a uasmhéadú. | **CCDnG,** ERNACT, Hibernian Networks, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M-F |
| | | 1.1.5. | Infhaighteacht WiFi a dhearadh agus a chomhtháthú i gcláir todhchaí infheistíochta caipitil i bhfoirgnimh phoiblí nua agus atá ann cheana. | **CCDnG,** ÚnaG, | G-M-F |
| | | 1.1.6. | Tacú le Slí an Atlantaigh Fhiáin trí infheistíocht a dhéanamh i rochtain WiFi ag pointí fionnachtana feadh an bhealaigh agus é a choinneáil mar is cuí. | CCDnG, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, Fóraim Earnálacha Turasóireachta | G |
| | | 1.1.7. | Scrúdú a dhéanamh ar an indéantacht Geatabhealach Litir Ceanainn – Doire a bhunú mar bhaile Digiteach. | CCDnG, Comhlachas Tráchtála Litir Ceanainn | M |
| | | 1.1.8. | Éiceachóras comhoibríoch a bhunú thart ar theicneolaíochtaí digiteacha trí líonra Mol Digiteacha Áitiúla lonnaithe go straitéiseach a fhorbairt ag cur raon seirbhísí forbartha digiteacha ar fáil atá ceaptha cumas gnólachtaí áitiúla, leasa pobail agus daoine aonair a fheabhsú chun bheith rannpháirteach sa domhan digiteach. | **CCDnG,** ERNACT, FÉ, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| **1.2.** | Rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach a fheabhsú chun uilechuimsiú Dhún na nGall a chinntiú, chun leithlisiú agus eisiamh sóisialta a laghdú, chun feabhas a chur ar | 1.2.1. | Fóram comhoibríoch a bhunú a dhéanfaidh maoirseacht ar sheachadadh an mheaitseáil is fearr agus is féidir idir éileamh agus soláthar oibrithe foghlamtha agus oilte go digiteach, lena n-áirítear éileamh ó FDI, gnó dúchasach, pobail agus grúpaí daoine aonair | **ITLC,** BOO, CCDnG, ERNACT, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M-F |
| | | 1.2.2 | Úsáid teicneolaíochta digití a spreagadh chun rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí a chumasú ag na pobail is deacra teacht | **Cuideachtaí Forbartha Áitiúla,** ÚnaG, | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | chaighdeán na beatha agus chun a chinntiú go mbeidh nascacht chuimsitheach ann do mhuintir Dhún na nGall. | | orthu ó thaobh geografach. | BOO | |
| | | 1.2.3 | Chun cuidiú le daoine a bheith níos nasctha go digiteach trí fhorbairt Mol Digiteacha Áitiúla lonnaithe go straitéiseach. | **CCDnG,** ERNACT, FÉ, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 1.2.4 | Gach deis a fhiosrú agus a chur chun cinn mar ábhar tosaíochta chun líonra leathanbhanda, athléimneach ardluais a chinntiú ar fud an Chontae iomláin, na hoileáin san áireamh. | **RPFAN,** CCDnG, ÚnaG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Comhar na nOileán | G-M |
| | | 1.2.5 | Forbairt a dhéanamh ar an gcumas teileachumarsáide físeáin a úsáid mar bhealach le nascacht le ceantair tuaithe a leathnú. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| **1.3** | Seirbhísí iompair tuaithe a chothú agus a fhorbairt tuilleadh i nDún na nGall | 1.3.1. | Fóram comhoibríoch a bhunú ina ndéanfaí deiseanna a iniúchadh le réitigh nuálaíocha ar riachtanais iompair tuaithe ar fud an Chontae a fhorbairt, a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm. | FSS, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, SITT, an tÚdarás Náisiúnta Iompair | G |
| | | 1.3.2. | Leanúint le forbairt tionscnamh iompair tuaithe lena n-áirítear Ceadúnas Hacnaí Ceantair Áitiúil agus oibritheoirí bus, chun freastal ar riachtanais iompair phoiblí phobail i gceantair tuaithe agus chun soláthar seirbhíse a nascadh le soláthar iompair phoiblí atá ann cheana. | SITT, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 1.3.3. | Leanúint de bheith ag cur tacaíochta ar fáil do rochtain fhisiciúil go dtí agus ar ais ó Oileáin Dhún na nGall. | **Comhar na nOileán,** CCDnG, REOG | G |
| | | 1.3.4. | Ardán cuimsitheach cairdiúil don úsáideoir a fhorbairt trínar féidir le paisinéirí, gníomhaireachtaí agus cláir rochtain a fháil ar eolas ar iompar atá ar fáil laistigh den Chontae. | SITT | M |
| **1.4** | Cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta a chothú, agus tacú le cur chuige den sórt sin, chun soláthar forbartha inbhuanaithe pobail agus eacnamaíochta sa Chontae a éascú sna codanna agus sna hearnálacha go léir dá bhfuil ann. | 1.4.1. | Leanúint de chomhoibríochtaí agus de chomhpháirtíochtaí láidre, trasteorann a fhorbairt chun gníomhaíocht phobail agus eacnamaíochta réigiún an Iarthuaiscirt a spreagadh agus a fhorbairt tuilleadh. | **CCDnG,** CCDnG&SDC; NWPB, NWRCBG, ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 1.4.2. | Cláir agus pleananna comhleanúnacha a spreagadh agus a chinntiú ar fud na n-earnálacha trí obair an CFPÁ agus an Choiste Eacnamaíochta agus réimsí a aithint do chomhoibriú amach anseo. | **CCDnG,** CFPÁ, Coiste Eacnamaíochta | M |
| | | 1.4.3. | Ardáin teicneolaíochta digití a úsáid chun líonraí éifeachtacha ar fud na n-earnálacha a éascú. | CCDnG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1.4.4. | Deiseanna a fhiosrú chun rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú trí roinnt seirbhísí poiblí nua a fhorbairt i gComhairle Contae Dhún na nGall agus cur chuige nuálaíochta oscailte nó saotharlainne beo agus sonraí oscailte a úsáid. | **CCDnG** | M |
| | | 1.4.5. | Eolas a chur i láthair faoi sheirbhísí, agus teanga shimplí in úsáid agus ar bhealach a chuidíonn le duine é a thuiscint an chéad uair a léann nó a chloiseann siad é. | Tusla, ÚnaG | G-M-F |
| | | 1.4.6. | Leanúint de chomhpháirtithe a neartú agus comhoibriú ag leibhéal idirnáisiúnta agus réigiúnach/náisiúnta/trasteorann thar na hearnálacha go léir. | **CCDnG,** NWPB, NWRCBG, ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| **1.5.** | Teagmháil a dhéanamh le pobal domhanda Dhún na nGall agus an Contae a chur chun cinn ar bhonn domhanda. | 1.5.1. | Tacú le forbairt Lárionad an Diaspóra i gcomhar le forbairt acmhainní oidhreachta cultúir sa Chontae. | **Tionscadal an Diaspóra - CCDnG**, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M-F |
| | | 1.5.2. | Síneadh amach, dul i bpáirt agus nascadh le pobal domhanda Chontae Dhún na nGall trí obair leantach tionscadail Diaspóra Dhún na nGall. | **Tionscadal an Diaspóra,** CCDnG, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | G-M-F |
| | | 1.5.3. | Leanúint de chur chun cinn 'branda' Dhún na nGall agus naisc idirnáisiúnta trí ardáin mar Thionscadal Diaspóra Dhún na nGall, Tairseach Dhún na nGall, Oifig Scannán Dhún na nGall agus 'Goitse ar Cuairt' Dhún na nGall. | **CCDnG,** Tionscadal an diaspóra FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | G-M-F |
| **1.6.** | Geatabhealach Leitir Ceanainn a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh mar áit 'Nasctha'. | 1.6.1. | Leanúint de chur i bhfeidhm Geatabhealach nasctha Leitir Ceanainn- Doire mar mhór-ionad uirbeach san iarthuaisceart, trí obair an Fhóraim Eacnamaíochta Tairsí. | **CCDnG,** Fóram Eacnamaíoch Geatabhealaigh, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G-M-F |
| | | 1.6.2. | Taca a thabhairt agus brústocaireacht a dhéanamh maidir le cláir chun nascacht bonneagair go réigiún an Iarthuaiscirt a fheabhsú. | **CCDnG,** Comhairle Chathair Dhoire agus Comhairle Ceantair na Sratha Báin, Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, ÚnaG, Fóram Eacnamaíoch Geatabhealaigh, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G-M-F |
| | | 1.6.3. | Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun gluaiseacht iompair agus bonneagar iompair a fheabhsú isteach agus thart ar Leitir Ceanainn mar Nascbhóthar Joe Bonnar. | CCDnG, NRA, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G-M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1.6.4. | Féidearthacht Geatabhealach Leitir Ceanainn a bhunú mar bhaile Digiteach a scrúdú. | **CCDnG,** Comhlachas Tráchtála Leitir Ceanainn ITLC-CoLab, Páirc Eolaíochta, BOO, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | M |
| **1.7** | Gréasán nasctha Lárionad Forbartha a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do lonnaíochtaí chun fás spásúlachta atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn. | 1.7.1. | Pleananna gníomhaíochta a ullmhú maidir le Lárionaid Forbartha chun pobail inbhuanaithe agus cuimsitheacha a chur cinn, chun nascacht neartaithe le Gaeltacht Dhún na nGall, le hoileáin Dhún na nGall agus le pobail tuaithe agus cósta a chur chun cinn agus fás eacnamaíoch ag na hionaid seo a spreagadh agus a éascú. | **CCDnG,** pobail, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, BOO, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 1.7.2. | Ról grúpaí pobail sna socruithe seirbhíse a thacaíonn leis na Lárionaid Forbartha a spreagadh agus a éascú. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, pobail, gníomhaireachtaí ábhartha | G |
| **1.8** | A chinntiú go ndéantar Gaeltacht Dhún na nGall a fhorbairt go hiomlán agus í nasctha go hiomlán mar chuid den Chontae ina iomláine. | 1.8.1. | Nascacht shóisialta, phobail, eacnamaíoch, chultúir agus teangeolaíochta Ghaeltacht Dhún na nGall mar bhunchuid den Chontae ina iomláine a fhiosrú agus a neartú. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoin CFPÁ, ÚnaG, Roinn na Gaeltachta, eagraíochtaí pobail Ghaeltachta, CCDnG | M |
| | | 1.8.2. | Oibriú i gcomhar chun Lárionaid Seirbhíse Gaeltachta lonnaithe lasmuigh de Ghaeltacht Dhún na nGall, ach atá tábhachtach do shaol socheacnamaíoch an phobail Ghaeltachta agus chun deiseanna a shainaithint chun an nascacht teangeolaíocha laistigh den Chontae ina iomláine, a fheabhsú. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoin CFPÁ, ÚnaG, Roinn na Gaeltachta, eagraíochtaí pobail Ghaeltachta, CCDnG | M |
| | | 1.8.3. | 'Ambasadóirí Gaeltachta' a shainaithint chun tacú le nasc na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh leis an bpobal níos leithne agus leis an Diaspóra, agus chun na meáin shóisialta a úsáid i gcur chun cinn na n-ambasadóirí seo. | ÚnaG, Tionscadal an Diaspóra, Turasóireacht Dhún na nGall, FÉ, CCDnG | G |
| | | 1.8.4. | Plean teanga ar fud an chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm mar aon le pleananna teanga eile maidir le grúpaí/eagraíochtaí/téamaí ar leith nó sainchúram geografach. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoin CFPÁ, Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, eagraíochtaí pobail Ghaeltachta, CCDnG | G |
| **1.9** | Nascacht agus rochtain a chur chun cinn trí bhealaí siúil agus rothaíochta. | 1.9.1. | Glasbhealach comhtháite an Iarthuaiscirt a fhorbairt. | CCDnG, Turasóireacht Dhún na nGall, FÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Údaráis Áitiúla tadhlacha, IIÉ, Gníomhaireacht Lochanna | G-M-F |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1.9.2. | Tacú le tionscadail mar an 'Trailgazers Application', a bhaineann úsáid as na teicneolaíochtaí is deireanaí GIS agus na meán digiteacha chun gach rian áineasa ceadaithe agus seirbhísí gnó bainteacha a chomhthiomsú, a mhapáil agus a chur chun cinn trí fhorbairt sraith turas fíorúla a chuirfidh na húsáideoirí faoi dhraíocht agus ar féidir a chur chun cinn ar an margadh domhanda. | **CCDnG,** Turasóireacht Dhún na nGall, FÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G |
| | | 1.9.3. | Clár siúlbhealaí, rotharbhealaí agus glasbhealaí a shainaithint laistigh de bhailte agus a gcúlchríocha, chun nascacht lárbhaile a fheabhsú, tacú le hathbheochan lárbhailte agus le deiseanna sláinte agus áineasa a fheabhsú. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail áitiúla, ÚnaG, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coillte | M-F |
| **1.10** | Nascacht mhuirí le Contae Dhún na nGall, agus laistigh de, agus rochtain ar an earnáil mhuirí, a fhorbairt. | 1.10.1. | Leas a bhaint as an gconair mara d'ionaid iascaireachta straitéiseacha, ionaid/conairí mara agus slabhra brád de chéanna thart ar chósta Dhún na nGall. | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, BIM, Uiscí Mhálanna, FÉ, ÚnaG, ITLC , Fóram Oidhreachta Dhún na nGall, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M-F |
| | | 1.10.2. | Leanúint de chur chun cinn na gCealla Beaga, an Chaisleáin Nua, Ailt an Chorráin agus Ráth Maoláin mar ionaid straitéiseacha gníomhaíochta mara agus chun Mol Nuálaíochta a fhorbairt sna Cealla Beaga. | CCDnG, BIM, ITLC, ÚnaG, pobail iascaireachta, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G |
| | | 1.10.3. | Feabhsúchán agus cothú cuí cuain a aithint agus a fhorbairt, mar shampla rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, áiseanna turasóireachta muirí, athchóiriú foirgnimh atá as úsáid etc. | CCDnG, BIM, pobail iascaireachta agus grúpaí pobail, ITLC, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G-M-F |
| | | 1.10.4. | Leas a bhaint as ionchas uiscebhealaí intíre agus as na líonraí aibhneacha agus lochanna i gContae Dhún na nGall mar fhoinse do dheiseanna timpeallachta, turasóireachta agus áineasa lena n-áirítear siúlbhealaí abhann. | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, Uiscí Mhálanna, Eagraíochtaí Pobail, FÉ, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coillte, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M-F |
| | | 1.10.5. | Líonra comhtháite inbhuanaithe seirbhísí muirí farantóireachta a bhunú go dtí agus laistigh de réigiún an Iarthuaiscirt le naisc go dtí cinn scríbe Eorpacha eile san áireamh. | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, Uiscí Mhálanna, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M-F |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.11** | Soláthar comhordaithe 'Nascacht' a chinntiú agus infheistíocht a aimsiú chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail i réigiún an Iarthuaiscirt | 1.11.1. | Pleanáil, feidhmiú agus dul sa tóir ar an infheistíocht riachtanach chun nascacht a fheabhsú go dtí agus laistigh de réigiún an Iarthuaiscirt d'aer, d'fharraige, de bhóthar, de thraein agus de shiúl na gcos agus trí mheáin dhigiteacha. | CCDnG, RPFAN, gach gníomhaireacht/ grúpa eile, comhpháirtithe trasteorann | G-M-D |
| | | 1.11.2. | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do sheachadadh bonneagair de bhóithre straitéiseacha go dtí réigiún an Iarthuaiscirt lena n-áirítear bealaí an A5 agus A6. | CCDnG, RPFAN, gach gníomhaireacht/ grúpa ábhartha eile, comhpháirtithe trasteorann | G-M |
| | | 1.11.3. | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do sheachadadh bonneagair de bhóithre straitéiseacha laistigh den Chontae lena n-áirítear an N13, N14, N15, N56, bóthar faoisimh lasmuigh de Leitir Ceanainn agus bealaí eile a aithníodh i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012- 2018 (arna athrú), agus Pleananna Ceantair Áitiúla do Bhailte Leibhéal 2 atá le teacht. | CCDnG, NRA, gach gníomhaireacht/ grúpa ábhartha eile | G-M |
| | | 1.11.4. | Tacú le rochtain d'aer go dtí réigiún an Iarthuaiscirt trí Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire agus naisc iompair straitéiseacha go dtí agus ó na moil iompair idirnáisiúnta seo a fheabhsú. | CCDnG, ÚnaG, gach gníomhaireacht/ grúpa ábhartha eile, comhpháirtithe trasteorann | G |
| | | 1.11.5. | Tacaíocht i gcomhar a thabhairt do nascacht iarnróid go Contae Dhún na nGall i gcomhthéacs réigiún an Iarthuaiscirt. | CCDnG, ÚnaG, FÉ, gach gníomhaireacht/ grúpa ábhartha eile, comhpháirtithe trasteorann | F |
| | | 1.11.6. | Tacú le Slí an Atlantaigh Fhiáin trí choinneáil agus infheistiú sa bhealach go cuí chun rochtain a éascú, lena n-áirítear rochtain ar na hoileáin. | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, FÉ, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, eagraíochtaí pobail, Comhar na nOileán, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G |
| | | 1.11.7. | Infheistíocht a spreagadh i soláthar leathanbhanda ardluais sa Chontae. | **CCDnG,** ERNACT, ÚnaG, ITLC, FÉ, FÉ, RPFAN, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhpháirtí tionscail, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G |
| | | 1.11.8. | Tacú le hinfheistíocht agus nascacht áitiúil a fheabhsú i gceantair uirbeacha agus tuaithe trí shiúlbhealaí agus/nó rotharbhealaí a fhorbairt agus a bhrú chun cinn. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na | G-M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | nGall, Coillte, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | |
| | | 1.11.9. | Tionscnamh píolótach ionchasach iompair SMART a iniúchadh idir ionaid oibre agus cónaitheoirí. | Foireann Bhaile Leitir Ceanainn, cuideachtaí príobháideacha | G-M |
| | | 1.11.10. | Sábháilteacht bonneagar bóithre agus feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú de shíor trí ghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a aithníodh sa Sábháilteacht ar Bhóithre maidir le hoideachas, innealtóireacht agus forfheidhmiú. | CCDnG, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, scoileanna, grúpaí pobail, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G |
| | | 1.11.11. | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do rochtain fhisiciúil go dtí agus ó Oileáin Dhún na nGall. | **Comhar na nOileán,** CCDnG, REOG | G |
| | | 1.11.12. | Oibriú i gcomhar chun soláthar fuinnimh ardcháilíochta agus athléimneach a chinntiú sa réigiún. | **Líonraí ESB, Eirgrid, RPFAN,** CCDnG, ÚnaG | G-M |
| **1.12** | Rannchuidiú le nascacht fheabhsaithe i gContae Dhún na nGall trí leanúint de ghréasán straitéiseach leabharlann poiblí a sholáthar agus trí bhonneagar leabharlainne agus seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil go héifeachtach tríd an ngréasán sin agus trí thionscnaimh ghaolmhara. | 1.12.1. | Leanúint de rochtain a chur ar fáil ar nascacht Leathanbhanda trí infhaighteacht agus forbairt seirbhísí na meán digiteach sa líonra leabharlainne atá ann cheana. | CCDnG, ERNACT | G |
| | | 1.12.2. | Acmhainn an líonra leabharlainne reatha a mhéadú chun seirbhísí na meán digiteach a chur ar fáil chun cur le gníomhaíocht eacnamaíochta agus phobail. | CCDnG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 1.12.3. | Deiseanna foghlama agus oiliúna a nascadh trí úsáid an líonra leabharlainne. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG | M |
| | | 1.12.4. | Pobail tuaithe agus iargúlta a chur chun cinn agus a chothabháil tuilleadh tríd an Tionscnamh Taobh Tíre. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG | G |
| | | 1.12.5. | Oibriú i dtreo leabharlainne digití agus leathnú oidhreachta cultúir ar líne, bailiúcháin dhigiteacha áitiúla á bhforbairt agus a n-inrochtaineacht a uasmhéadú. | CCDnG | M |
| | | 1.12.6. | Rochtain phoiblí ar WIFI a chur ar fáil ar fud an líonra leabharlainne ar bhonn céimnithe. | CCDnG | G |
| | | 1.12.7. | Rannpháirtíocht phobail a spreagadh i bhforbairt bheartas agus pleananna poiblí tríd an líonra straitéiseach leabharlanna poiblí trí rochtain a éascú ar dhoiciméid chomhairliúcháin phoiblí agus ar chórais agus ar na modhanna le hionchur a dhéanamh iontu agus/nó freagairt dóibh. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1.12.8. | Saoránacht ghníomhach AE a spreagadh i measc daoine fásta, daoine óga agus leanaí tríd an tIonad Eolais don Eoraip go Díreach i Leitir Ceanainn agus a chlár imeachtaí. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, grúpaí pobail | G |
| | | 1.12.9. | Rochtain a chur ar fáil ar fhoinsí iontaofa eolais phobail ar líne agus statach, tríd an tSeirbhís Leabharlainne chun freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail áitiúil. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, grúpaí pobail | G |
| 1.13 | Dún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chontae a bhfuil daoine, pobail agus eagraíochtaí nasctha. | 1.13.1. | Oibriú i gcomhar chun Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc, Connecting for Life Dhún na nGall, a chur i bhfeidhm. | FSS, comhlachtaí Oideachasúla, CCDnG, an earnáil dheonach & pobail | G-M |

## Sprioc 2: Leas a Bhaint as Caipiteal Nádúrtha & Daonna Dhún na nGall

| Sprioc 2: Leas a Bhaint as Caipiteal Nádúrtha & Daonna Dhún na nGall<br>Cuspóirí | | |
|---|---|---|
| 2.1. | Ginearálta | Gach gné d'acmhainní nádúrtha agus daonna Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn. |
| 2.2. | An Timpeallacht Nádúrtha | Timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall a chosaint agus a chur chun cinn. |
| 2.3. | An Oidhreacht Teanga | A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge, agus ár n-oidhreacht teanga uathúil, níos feiceálaí, go gcluintear í a labhairt níos minice agus go gcomhtháthaítear í isteach sna gníomhaíochtaí go léir sa Chontae agus go ndéantar réigiún na Gaeltachta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt. |
| 2.4. | Turasóireacht | Forbairt inbhuanaithe ár sócmhainne nádúrtha a chur i gcrích chun táirge uathúil turasóireachta Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn |
| 2.5. | Slí an Atlantaigh Fhiáin | Caipiteal nádúrtha an Chontae a cheiliúradh agus a úsáid trí Shlí an Atlantaigh Fhiáin a shaothrú. |
| 2.6. | An Oidhreacht Fhoirgnithe | Oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chosaint agus a fheabhsú mar léiriú luachmhar ar idirghníomhaíochtaí nádúrtha agus daonna. |
| 2.7. | Pobail & Daoine | Cur le cumas pobal agus daoine trí fhorbairt a dhéanamh ar fheasacht agus ar thuiscint faoi chúrsaí pobail agus áite. |
| 2.8. | Diaspóra | Teagmháil a dhéanamh le pobal domhanda Dhún na nGall agus an Contae a chur chun cinn ar bhonn domhanda. |
| 2.9. | Scileanna Traidisiúnta | Caipiteal daonna a neartú trí fhorbairt agus foghlaim scileanna traidisiúnta a chur chun cinn. |
| 2.10. | Oiliúint, Oideachas agus Léann | Cur le caipiteal daonna trí oiliúint, oideachas agus léann. |
| 2.11. | An Acmhainn Mhuirí | Cumas acmhainn mhuirí Dhún na nGall a shainaithint agus leas iomlán a bhaint as. |

## Sprioc 2: Gníomhaíochtaí

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.1. | Gach gné d'acmhainní nádúrtha agus daonna Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn. | 2.1.1 | Taighde, taifeadadh, taispeántas agus cur chun cinn a dhéanamh ar thionchar éagsúlachta Chontae Dhún na nGall, lena n-áirítear an tírdhreach, imeallbhord fairsing, timpeallacht tuaithe, iargúltacht, an timpeallacht thógtha, Oileáin Dhún na nGall, an Ghaeltacht agus an teorainn, ar mhúnlú agus ar bhonn eolais a chur faoi mhuintir Dhún na nGall, agus a n-idirghníomhaíochtaí le haeráid agus le háit. | CCDnG, eagraíochtaí pobail, REOG, ÚnaG, Tionscadal an Diaspóra CCDnG, Comhar na nOileán, eagraíochtaí ealaíon & cultúir, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | M |
| | | 2.1.2 | Oidhreacht fhoirgnithe Dhún na nGall a shainaithint agus a chosaint agus na sinéirgí idir na sócmhainní nádúrtha agus na daoine a aithint a chuir bonn eolais faoi ailtireacht Chontae Dhún na nGall. | CCDnG, REOG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail | M |
| | | 2.1.3 | Luach agus tábhacht an mhuirdhreacha do mheon ár muintire a fhiosrú ina rannchuidiú do bhraistint fhoriomlán sláine céannachta agus cér díobh iad. | CCDnG, eagraíochtaí pobail áitiúla, Fóram Oidhreachta, comhlachtaí oideachasúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 2.1.4 | Tionchar idirghníomhaíochtaí agus cleachtais dhaonna ar an tírdhreach a fhiosrú. | CCDnG, eagraíochtaí pobail áitiúla, Fóram Oidhreachta, comhlachtaí oideachasúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 2.1.5 | Rannpháirtíocht le húinéirí talun in iniúchadh, i mbainistiú agus i roinnt luach ár soláthar foirgneamh stairiúil. | CCDnG, pobail, úinéirí maoine aonair, eagraíochtaí pobail | M |
| | | 2.1.6 | Líonra gairdíní pobail a bhunú i gContae Dhún na nGall | Grúpaí pobail, FSS, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Comhar na nOileán, ÚnaG | G-M |
| | | 2.1.7 | Sinéirgí caipitil dhaonna agus nádúrtha a iniúchadh laistigh agus ar fud an réigiúin go háirithe i réimse nasc cultúir agus oidhreachta mar theacht chun cinn ainmneacha áite agus stair roinnte, lena n-áirítear oidhreacht Phlandáil Uladh agus coinbhleacht Thuaisceart Éireann, teanga, litríocht agus ceol | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhpháirtithe trasteorann | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2.1.8 | Deiseanna a aithint agus a fhorbairt chun leas a bhaint as caipiteal nádúrtha Chontae Dhún na nGall chun cur le deiseanna d'fholláine, do shláinte agus tearmann agus iad a fheabhsú. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, earnáil P & D, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, FSS | M |
| | | 2.1.9 | Pleananna gníomhaíochta a ullmhú do Bhailte Oidhreachta agus do Bhailte Stairiúla an Chontae chun bonneagar réimse poiblí agus áineasa a aithint, a dhearadh agus a fhorbairt agus úsáid á baint as na sócmhainní nádúrtha agus as an oidhreacht fhoirgnithe a mbeadh tionchair dhearfacha acu ar shláinte agus ar fholláine. | CCDnG, Fóram Oidhreachta, pobail, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | S |
| 2.2. | Timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall a chosaint agus a chur chun cinn. | 2.2.1 | Líonra tránna an Bhrait Ghoirm & Uiscí Cósta Glas an Chontae a chur chun cinn, a choinneáil agus a mhéadú sa Chontae lena n-áirítear forbairt Plean Bainistithe Tránna agus Sábháilteachta Uisce chun rochtain agus saoráidí riachtanacha a chinntiú. | CCDnG, EPA, An TAISCE, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G-M |
| | | 2.2.2 | Leanúint den chaomhnú agus de chur chun cinn Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha mar shócmhainn thógtha agus timpeallachta íocónach agus straitéiseach sa Chontae. | Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, OPW, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, FÉ | G |
| | | 2.2.3 | Leanúint leis an gceardaíocht oilte agus na cleachtais ghairneoireachta chun 'Gairdíní Bláthanna Stairiúla' Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a thaifeadadh, a fhiosrú agus a chur chun cinn mar mhiocraeráid a chuireann sampla uathúil den chaidreamh éiceolaíochta inbhuanaithe fadtéarmach ar fáil idir an cultúr daonna agus bithéagsúlacht nádúrtha. | Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, OPW, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G |
| | | 2.2.4 | Cáilíocht uisce a chosaint agus a chaomhnú trí fhorbairt leanúnach Pleananna Bainistithe Abhantraí agus trí fhorbairt straitéisí agus tionscnaimh fheidhmiúcháin | CCDnG, EPA, Uisce Éireann, SPNF, pobail áitiúla, an earnáil feirmeoireacht, Coillte, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G-M |
| | | 2.2.5 | Straitéisí bainistithe a fhorbairt maidir le láithreáin Natura 2000 agus Líonraí chun soláthar do chaomhnú agus do chosaint mar aon le comhtháthú deiseanna inbhuanaithe d'oideachas for-rochtana, léiriú caomhnaithe, áineasa agus éiceathurasóireacht. | SPNF, CCDnG, eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G-M |
| | | 2.2.6 | Léirthuiscint níos mó ar ár ngnáthóga nádúrtha a chur chun cinn le béim ar thaisteal a bheadh freagrach ar bhonn sóisialta agus inbhuanaitheachta timpeallachta. | CCDnG, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M-F |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2.2.7 | Athchúrsáil, caomhnú uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh agus a chur chun cinn le linn deiseanna eacnamaíocha do phobail áitiúla a chruthú. | CCDnG, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Ren Net | M |
| | | 2.2.8 | Leas a bhaint as deiseanna a chuireann an timpeallacht nádúrtha ar fáil chun saoráidí sláinte agus áineasa a chur ar fáil trí fhorbairt siúlóidí, rianta inbhuanaithe agus comharthaíocht léiritheach ghaolmhar. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail áitiúla, ÚnaG, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coillte, FSS, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M |
| | | 2.2.9 | Timpeallacht nádúrtha Chontae Dhún na nGall a chosaint trí chláir ísealcharbóin ar fud na n-earnálacha uile. | ÚnaG, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚFIÉ, Ren Net | M |
| | | 2.2.10 | Eolas agus feasacht ar bhearta ísealcharbóin a chur ar fáil do theaghlaigh, do phobail agus do ghnólachtaí. | ÚnaG, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚFIÉ, Ren Net | M |
| | | 2.2.11 | Ionad d'Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhunú i gContae Dhún na nGall ag tabhairt tosaíochta do bhearta chun dearcadh maidir le húsáid fuinnimh a athrú, chun cuidiú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a réadú do theaghlaigh agus chun oiliúint leordhóthanach agus uas-scileáil a chinntiú le oibrithe cuí a sholáthar chun oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm. | ITLC, Ren Net, QualiBuild, ÚFIÉ, CTF, IGBC, ÚnaG | M-F |
| | | 2.2.12 | Deiseanna breise a aithint agus a chur chun cinn chun foirgnimh 'dearfach ar fhuinneamh' a fhorbairt i gContae Dhún na nGall agus forbairt bailte dearfach ó thaobh fuinnimh a spreagadh trí fhorbairtí mar théamh pobail. | CCDnG, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Ren Net, ÚFIÉ | M |
| | | 2.2.13 | An timpeallacht nádúrtha a chosaint trí úsáid teicneolaíochtaí glana a spreagadh trí fhorbairt Mhol Nuálaíochta na gCealla Beaga | ITLC, CCDnG, BIM, pobal áitiúil | M |
| | | 2.2.14 | Clár píolótach a fhorbairt ag spreagadh úsáid teicneolaíochta glaise in ionaid phobail agus i bhfiontair shóisialta. | Eagraíochtaí pobail, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, FÉ, CCDnG | M |
| | | 2.2.15 | Cáilíocht agus acmhainneacht uisce a chaomhnú agus a chosaint trí chlár comhoibríoch agus comhordaithe de bhearta cuí chun | CCDnG, Uisce Éireann, an earnáil phríobháideach, IIÉ, | G-M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | bonneagar uisce agus dramhuisce a fheabhsú, a dhaingniú, a bhainistiú agus a ghlacadh ar lámh. | Gníomhaireacht na Lochanna | |
| | | 2.2.16 | An timpeallacht a chosaint agus a chaomhnú trí chláir agus trí thionscnaimh bainistithe dramhaíola a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus trí rannpháirtíocht i bhforbairt an Phlean um Bainistiú Dramhaíola Réigiúnaigh. | Co.Co. Mhaigh Eo, Co.Co. Dhún na nGall, Co.Co. na Gaillimhe, Co. Chathair na Gaillimhe, Co.Co. Ros Comáin, Co.Co. Shligigh, Co. Co. Liatroma, Co.Co. an Chabháin, Co.Co. Mhuineacháin | G |
| | | 2.2.17 | An timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint trí réitigh inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, ísealcharbóin, agus nuálaíocha a fhorbairt tuilleadh chun déileáil le dramhaíl orgánach. | CCDnG, EPA | M |
| | | 2.2.18 | Leanúint de chur i bhfeidhm cur chuige comhoibríoch maidir le réiteach eastát gan a bheith críochnaithe chun cosaint timpeallachta nádúrtha an Chontae a chinntiú lena n-áirítear cáilíocht uisce agus meath tírdhreacha. | CCDnG, an earnáil phríobháideach | G- M |
| | | 2.2.19 | Leas a bhaint as ionchas aibhneacha i gContae Dhún na nGall mar acmhainn do dheiseanna áineasa, turasóireachta agus timpeallachta lena n-áirítear siúlbhealaí cois abhann. | CCDnG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, grúpaí pobail, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coillte Foireann Bhaile Leitir Ceanainn, IIÉ Gníomhaireacht na Lochanna | M |
| 2.3. | A chinntiú go mbeidh an Ghaeilge, agus ár n-oidhreacht teanga uathúil, níos feiceálaí, go gcluintear í á labhairt níos minice agus go gcomhtháthaítear í isteach sna gníomhaíochtaí go léir sa Chontae agus go ndéantar réigiún na Gaeltachta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt. | 2.3.1 | Chun luach breise a chur ar úsáid ár n-oidhreacht teanga agus í a éascú tuilleadh trí úsáid na Gaeilge trí sheirbhís agus seachadadh as Gaeilge, trí chomharthaíocht (i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus Béarla) ag comhlachtaí/gníomhaireachtaí poiblí i ngníomhaíochtaí agus i seachadadh seirbhíse a tharlaíonn ar fud an Chontae. | Comhlachtaí poiblí, ÚnaG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | G |
| | | 2.3.2 | Meas breise a chur ar léiriú ár n-oidhreacht teanga agus é a éascú trí dheiseanna a aithint ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha, pobail agus sóisialta chun úsáid na Gaeilge a chomhtháthú mar ghné chaighdeánach gníomhaíochtaí ó lá go lá agus i ndearadh | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge, CFPÁ, ÚnaG, eagraíochtaí pobail áitiúla | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | agus seachadadh tionscadail/cláir lena n-áirítear mar shampla seachadadh seirbhíse trí úsáid na Gaeilge labhartha/as Gaeilge, comharthaíocht i nGaeilge amháin nó comharthaíocht i nGaeilge agus i mBéarla. | | |
| | | 2.3.3 | Comhoibriú chun Lárionaid Seirbhíse Gaeltachta atá lonnaithe lasmuigh de Ghaeltacht Dhún na nGall ach atá tábhachtach do shaol socheacnamaíoch phobal na Gaeltachta a neartú, agus chun deiseanna a aithint chun comhtháthú ár n-oidhreacht teanga ar fud gníomhaíochtaí uile a fheabhsú. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge, ÚnaG, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn | G |
| 2.4. | Forbairt inbhuanaithe ár sócmhainne nádúrtha a chur i gcrích chun táirge uathúil turasóireachta Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur chun cinn | 2.4.1 | Oibriú i gcomhar chun tírdhreach nádúrtha Dhún na nGall agus a raon táirgí Turasóireachta Straitéiseacha agus Ícónacha den scoth a chur chun cinn, lena n-áirítear Sliabh Liag, Teach Solais Fhánada, Cionn Mhálanna agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Leibhéal na hInse, an Earagail. | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnG, FÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ITLC, ÚnaG, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G- M |
| | | 2.4.2 | Leanúint de chosaint agus de chur chun cinn Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus a heispéireas cuairteora mar phríomhghné de cháilíocht timpeallachta agus bithéagsúlachta nádúrtha Chontae Dhún na nGall. | Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, OPW, Turasóireacht Dhún na nGall ITLC, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta | G |
| | | 2.4.3 | Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun acmhainn turasóireachta Bhailte Oidhreachta an Chontae (Ard an Rátha, Bun an Phobail, Ráth Mealtain, Béal Átha Seanaidh, Ráth Bhoth) agus Bailte Stairiúla a réadú mar aon leis na Lárionaid Forbartha i mBéal Átha Seanaidh, Bealach Féich-Srath an Urláir, Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga agus Gaoth Dobhair. | CCDnG, ITLC, Fóram Oidhreachta, pobail, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 2.4.4 | Cláir a fhorbairt chun acmhainn ár n-oidhreacht fhoirgnithe a chur ar fáil trí athghiniúint agus athúsáid foirgneamh stairiúla le heispéiris agus nithe is díol spéise do thurasóirí a chur ar taispeáint agus a óstáil. | ITLC, ÚnaG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, Fóram Oidhreachta | M |
| | | 2.4.5 | Bealach Glas comhtháite an Iarthuaiscirt a fhorbairt (Siúlóidí, Rianta, Rothaíocht) mar phríomhthionscadal turasóireachta ar | CCDnG, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, FÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | bhonn trasteorann. | eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Údaráis Áitiúla Tadhlacha, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | |
| | | 2.4.6 | Feabhsúchán agus leathnú siúlbhealaí agus rotharbhealaí atá ann cheana a éascú agus forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí nua ar fud an Chontae i gcomhar le cumainn agus le grúpaí pobail ábhartha. | Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Comhar na nOileán, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coillte, | G-M |
| | | 2.4.7 | Tacú le tionscadail mar 'Trailgazers Application' a úsáideann na nithe is nuaí i dteicneolaíochtaí na meán digiteach agus GIS chun gach rian áineasa ceadaithe agus seirbhísí gnó gaolmhara i nDún na nGall a chomhthiomsú, a mhapáil agus a chur chun cinn trí fhorbairt sraith turas fíorúla a chuirfidh na húsáideoirí faoi dhraíocht agus ar féidir a chur chun cinn ar an margadh domhanda. | CCDnG, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G |
| | | 2.4.8 | An fhéidearthacht rianta eachaí a fhorbairt sa Chontae mar acmhainn phobail agus turasóireachta a iniúchadh. | CCDnG, Coillte, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | M |
| | | 2.4.9 | An fhéidearthacht rianta a fhorbairt sa Chontae chun críocha rothaíochta sléibhe, gluaisrothaíochta agus railíochta a iniúchadh chun cur leis an acmhainn phobail agus turasóireachta. | CCDnG, Coillte, FÉ, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall | M |
| | | 2.4.10 | Ceann cúrsaí turasóireachta a fhorbairt trí leas a bhaint as an sócmhainn nádúrtha trí thionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta. | ÚnaG, CCDnG, Comhar na nOileán, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireacht áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2.4.11 | Táirge láidir turasóireachta a fhorbairt ar na hoileáin amach ón gcósta chun cumas eacnamaíoch pobal oileánda a fheabhsú tuilleadh trí thurasóireacht. | ITLC, ÚnaG, Comhar na nOileán, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M |
| | | 2.4.12 | Úsáid a bhaint as an sócmhainn nádúrtha i bhforbairt ceann cúrsaí turasóireachta inbhuanaithe agus timpeallachta mar Pháirc Dealbhóireachta an Ardaidh, cultúr, oidhreacht agus na healaíona á gcomhtháthú chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt táirge turasóireachta. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Coillte, Turasóireacht Dhún na nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M |
| | | 3.9.5. | Rannpháirteachas le húinéirí talún in iniúchadh, i mbainistiú agus i gcomhroinnt luach ár soláthar foirgneamh stairiúil. | CCDnG, pobail, úinéirí maoine aonair, eagraíochtaí pobail, an Chomhairle Oidhreachta, REOG | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 3.9.6. | Taifead Struchtúir Chosanta an Chontae agus an Fardal Náisiúnta Oidhreachta Ailtireachta a chur chun cinn agus a fhorbairt tuilleadh agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí GIS agus na meán digiteach is deireanaí chun oidhreacht fhoirgnithe an Chontae a chur chun cinn. | CCDnG, pobail, úinéirí maoine aonair, eagraíochtaí pobail, an Chomhairle Oidhreachta, REOG | G |
| **3.10.** | Acmhainní cultúir agus cruthaitheachta Oileáin Dhún na nGall a chothú agus leas a bhaint astu. | 3.10.1. | Modhanna a fhiosrú agus a chothú chun cultúr uathúil, oidhreacht agus teanga agus canúint Oileán Dhún na nGall a chosaint. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Comhar nOileán, eagraíochtaí Gaeilge, CCDnG | G- M |
| | | 3.10.2. | An acmhainneacht a fhiosrú chun ionad do Leánn an Chultúir Éireannaigh a fhorbairt ar na hOileáin agus na riachtanais bonneagair a aithint a bheadh ag teastáil chun tacú le fiontar dá leithéid. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Comhar nOileán, eagraíochtaí Gaeilge, CCDnG | M- F |
| | | 3.10.3. | Feabhas cuí a chur ar an gcumas bonneagair a bheadh riachtanach le freastal ar líon méadaithe cuairteoirí ar Oileáin Dhún na nGall atá le réadú de thoradh gníomhaíochtaí chun tairbhe a bhaint as an acmhainn turasóireachta cruthaitheachta agus cultúir, agus ar an gcaoi seo cuairteoirí a d'fhanfadh níos faide ar na hOileáin a éascú. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Comhar nOileán, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Turasóireacht Dhún na nGall | G- M |
| | | 3.10.4. | Pacáistí turasóireachta Camchuairt na nOileán a aithint, a sheirbhísiú agus a chur chun cinn. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Comhar nOileán, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Turasóireacht Dhún na nGall | G- M |
| **3.11.** | Teagmháil a dhéanamh leis na hacmhainní cultúir agus cruthaitheachta atá ann ar fud Dhiaspóra domhanda Dhún na nGall. | 3.11.1. | Teacht ar an Diaspóra Éireannach leathan i ngach cuid den domhan chun comhoibrithe a bhunú a rachaidh chun comhthairbhe ó thaobh na heacnamaíochta, na polaitíochta, an chultúir agus i réimse an oideachais. | **Tionscadal an Diaspóra,** CCDnG, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | G- M- F |
| | | 3.11.2. | Tacú le forbairt Lárionad Diaspóra Dhún na nGall i gcomhar le forbairt acmhainní oidhreachta cultúir sa Chontae. | **Tionscadal an Diaspóra - CCDnG**, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Foireann Bhaile Leitir | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ceanainn | |
| | | 3.11.3. | Láithreán gréasáin Diaspóra Dhún na nGall a úsáid chun stair agus oidhreacht ár nDiaspóra a chaomhnú agus a chur chun cinn. | CCDnG, Tionscadal an Diaspóra - CCDnG | G |
| | | 3.11.4. | Acmhainn chomhoibríoch comhtháite a bhunú ónar féidir taighde agus iniúchadh a dhéanamh orthu siúd atá imithe agus iad sin atá ina gcónaí i nDún na nGall agus a naisc chultúir. | CCDnG, Tionscadal an Diaspóra - CCDnG | G- M |
| | | 3.11.5. | Naisc a shainaithint trí líonra an Diaspóra a bhfuil an cumas acu forbairt ina gcomhpháirtíochtaí cruthaitheachta agus/nó cultúir comhleasa. | CCDnG, Tionscadal an Diaspóra-CCDnG eagraíochtaí pobail, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta | G- M |
| | | 3.11.6. | Tacú le tionscadail oidhreachta ardcháilíochta, idir straitéiseach agus áitiúil, chun cumarsáid a dhéanamh leis an Diaspóra Éireannach. | ÚnaG , Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, Tionscadal an Diaspóra - CCDnG, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, eagraíochtaí pobail. | M |
| | | 3.11.7. | Tionscnaimh chultúir treoraithe go háitiúil a spreagadh agus teagmháil á dhéanamh lenár dteaghlach domhanda. | **Tionscadal an Diaspóra,** CCDnG, FÉ, Turasóireacht Dhún na nGall, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla | M |
| | | 3.11.8. | Seirbhísí Leabharlainne, Músaeim, Oidhreachta agus Cartlainne a sheachadadh a chaomhnaíonn agus a chuireann stair agus oidhreacht ár nDiaspóra chun cinn. | CCDnG, Tionscadal an Diaspóra - CCDnG | G- M |
| **3.12.** | Comhoibriú a dhéanamh maidir le forbairt agus soláthar oiliúna agus léinn in earnálacha cultúir agus cruthaitheachta an Chontae. | 3.12.1. | Leabharlanna a úsáid chun deiseanna d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus scileanna a neartú trí chláir litearthachta agus léirithe cruthaitheachta. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG | M |
| | | 3.12.2. | Deiseanna forbartha gairmiúla leantach a chur ar fáil do mhúinteoirí a thabharfaidh cleachtadh dóibh ar na straitéisí, na cuir chuige, modheolaíochtaí agus idirghabhálacha a d'fhéadfaí a | **BOO,** ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | úsáid chun litearthacht agus uimhearthacht a mhúineadh mar réimsí scoite agus ar fud an churaclaim chun léiriú cruthaitheachta agus cultúir a chumasú. | | |
| | | 3.12.3. | Léiriú cruthaitheachta agus cultúir a chumasú trí thacaíocht leanúnach do sholáthar breisithe litearthachta agus uimhearthachta do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an oideachais, na heacnamaíochta agus sóisialta. | ITLC, BOO, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, earnáil P&D, CCDnG | M |
| | | 3.12.4. | Tionscnaimh oiliúna agus oideachais a éascú maidir le cultúr agus le hoidhreacht Chontae Dhún na nGall chun feasacht, meas agus taitneamh na hacmhainne a spreagadh. | ITLC, BOO, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, earnáil P&D, Fóram Oidhreachta, CCDnG | M |
| **3.13.** | Na tionscail chruthaitheachta a fhorbairt mar eiseamláir de scileanna áitiúla agus d'eolas áitiúil á aithint gur acmhainn don phobal í an fhiontraíocht chruthaitheachta. | 3.13.1. | Meicníocht seachadta tiomnaithe a bhunú chun an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach d'Fhiontraíocht Chruthaitheachta i gContae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm. | CCDnG, an earnáil chruthaitheach, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, ITLC | M |
| | | 3.13.2. | Braislí nideoige sármhaitheasa sainiúil do Dhún na nGall a fhorbairt  chun mais chriticiúil fiontar in earnálacha cruthaitheacht a chatalú, lena n-áirítear ceol, teicstílí agus teanga | CCDnG, ÚnaG, earnáil chruthaitheach, ITLC, Ealaín na Gaeltachta, , Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.3. | Fiosrú faoi indéantacht príomhspás ildiciplíne a fhorbairt a chuireann saotharlanna agus spásanna oibre ar fáil, comhéadan poiblí agus mol lárnach d'earnáil chruthaitheachta Dhún na nGall. | CCDnG, ÚnaG, earnáil chruthaitheach, ITLC, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.4. | Gach deis a iniúchadh chun spás a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon chun obair a dhéanamh agus leanúint d'fhorbairt a gcleachtais ghairmiúil sa chaoi gur féidir leo gluaiseacht ar aghaidh i dtreo post inbhuanaithe fadtéarmach a chruthú agus luach a chur leis an earnáil fiontraíochta chruthaitheachta ina iomláine. | CCDnG, ÚnaG, Earnáil chruthaitheach, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.5. | Cur le próifíl agus le scileanna gnó fiontraithe cruthaitheachta trí sholáthar tacaíochta ag an leibhéal áitiúil. | CCDnG, ÚnaG, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.6. | Smaointe cruthaitheachta nua agus fiontar a spreagadh trí chomhoibriú trasearnálach. | CCDnG, ÚnaG, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Ealaín na | S |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | |
| | | 3.13.7. | Cur le hinbhuanaitheacht oidhreacht chultúir agus féiniúlacht Dhún na nGall mar áit chruthaitheachta, athléimneach. | CCDnG, ÚnaG, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.8. | Grúpa Comhairleach Cruthaitheachta agus Líonra Cruthaitheachta a bhunú de na geallsealbhóirí go léir sna hearnálacha cruthaitheachta. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 3.13.9. | Píolótú a dhéanamh ar bhunú dearbhán nuálaíochta trasearnálach chun díriú ar chomhoibriú a spreagadh idir (a) digiteach agus oidhreacht agus (b) teicstílí agus teicneolaíocht | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, FÉ, Earnáil chruthaitheach, ITLC | G |
| | | 3.13.10. | Tacú i gcónaí le Bord Scannán na hÉireann ag obair i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí i ról Oifig Scannán Dhún na nGall. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, FÉ, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Bord Scannán na hÉireann | G |
| | | 3.13.11. | SpaceIAL agus Tairseach Cultúir Dhún na nGall a úsáid chun tacú le forbairt plean na dtionscal cruthaitheachta | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, ITLC | G |
| | | 3.13.12. | Na hearnálacha cruthaitheachta atá ag feidhmiú cheana sa Chontae a iniúchadh agus a mhapáil. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, ITLC | G |
| | | 3.13.13. | Tacaíochtaí nideoige a thástáil chun fiontraíocht chruthaitheachta a ghéarú, a chothú agus meantóireacht a dhéanamh uirthi | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, FÉ | G- M |
| | | 3.13.14. | Ardáin a bhunú do mhalartú eolais agus forbairt fiontair chruthaitheachta a spreagadh ag leibhéil bunaithe ar cheantar áitiúil. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, ITLC | G |
| | | 3.13.15. | Iniúchadh a dhéanamh ar bhunú moil chruthaitheachta don earnáil chruthaitheachta agus d'fhiontraithe cruthaitheachta san eastát tionsclaíoch fiontair i nGaoth Dobhair, lena n-áirítear | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach, ITLC | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Aislann Ghaoth Dobhair. | | |
| | | 3.13.16. | Athfhorbairt Amharclann Ghaoth Dobhair a lorg mar shaoráid/mol straitéiseach ealaíon d'Iarthuaiscirt an Chontae, agus go náisiúnta mar chuid straitéiseach de bhonneagar cultúir don Ghaeltacht. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Earnáil chruthaitheach | M |
| **3.14.** | Úsáid iomlán a bhaint as an earnáil dhigiteach mar fhoinse eolais le linn acmhainn agus earnáil chultúir agus chruthaitheachta Dhún na nGall a fhorbairt. | 3.14.1. | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach mar uirlis do léiriú an chultúir lena n-áirítear oidhreacht, ealaín, litríocht, ceol agus teanga | ÚnaG , Ealaín na Gaeltachta, Eagraíochtaí cultúir, ERNACT, CCDnG | M |
| | | 3.14.2. | Cláir oiliúna agus foghlama a chur ar fáil agus tacaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga trí leathnú chlár na meán digiteach do scoileanna agus píolótú a dhéanamh ar Chlár Ealaíon na nÍomhánna Gluaisteacha i Scoileanna Dhún na nGall. | **BOO,** ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile, Eagraíochtaí Óige, CCDnG | M |
| | | 3.14.3. | Dul i ngleic le daoine óga i ndeiseanna chun Cruthaitheacht Dhigiteach a fhoghlaim agus taithí a fháil uirthi agus chun comhoibriú le lucht tacaíochta an chultúir Dhigitigh. | **BOO,** ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile, Eagraíochtaí Óige, CCDnG | M |
| | | 3.14.4. | Cultúr agus cruthaitheacht dhigiteach a chumasú trí chur chun cinn cláir oiliúna mar An Droichead21 chun oideachasóirí agus meantóirí a chumasú le scileanna teicniúla nua a bhaint amach chun gníomhaíochtaí a phleanáil bainteach le léiriú meán digiteacha, ríomhchlárú agus ríomh-smaointeoireacht. | **BOO,** ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile, BOO | M |
| | | 3.14.5. | Cur ar chumas gach mac léinn rochtain a bheith aige ar dheiseanna foghlama digití, córais agus uirlisí. | ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile, BOO | M |
| | | 3.14.6. | Leanúint le tacaíocht agus cur chun cinn tionscail scannán ghníomhaigh i gContae Dhún na nGall agus i réigiún an Iarthuaiscirt trí ról Oifig Scannán Dhún na nGall. | CCDnG, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, FÉ, Earnáil chruthaitheach, ITLC, Bord Scannán na hÉireann, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr nó Mheántéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.15.** | Earnáil bheoga chultúir a chothú agus a fhorbairt sa Chontae, lena n-áirítear ealaíontóirí aonair agus eagraíochtaí gairmiúla ealaíon, ar earnáil í a ghlacann le gach cineál ealaíne lena n-áirítear: ealaíona taibhiúcháin, amharc-ealaíona, litríocht, ealaín thraidisiúnta agus ealaín chomhaimseartha, saothar nua ealaíne, i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha phobail nua Dhún na nGall. | 3.15.1. | Tacú le heagraíochtaí agus le cleachtóirí aonair i seachadadh gach cineál ealaíne lena n-áirítear ceol, na taibhealaíona, na hamhaircealaíona agus litríocht, traidisiúnta agus nua-aimseartha, agus i nGaeilge agus i mBéarla agus i dteangacha pobal nua Dhún na nGall. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, An Chomhairle Ealaíon, REOG, eagraíochtaí agus cleachtóirí cultúir | M |
| | | 3.15.2. | Díriú ar fhorbairt cineálacha ealaíne ar leith chun beogacht agus éagsúlacht leanúnach na hearnála a chinntiú mar scríobh drámaí agus scripteanna scannán i nGaeilge agus i mBéarla, scannnánaíocht, cumadh ceoil, damhsa comh-aimseartha, ealaíon na hóige agus ealaíona agus an teicneolaíocht dhigiteach. | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, An Chomhairle Ealaíon, REOG, eagraíochtaí agus cleachtóirí cultúir | M |
| | | 3.15.3. | Leanúint de thacaíocht a thabhairt agus de chur chun cinn soláthar comhtháite seirbhísí oideachais ceoil i gContae Dhún na nGall. | **BOO,** Ealaíontóirí Aonair agus Eagraíochtaí Ealaíona, CCDnG, ~~BOO,~~ Ealaín na Gaeltachta, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, An Chomhairle Ealaíon, REOG, Giniúint Ceoil, DES, Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall. | M |
| | | 3.15.4. | Cruthú obair ealaíonta nua sa Chontae a spreagadh, a éascú agus tacaíocht a thabhairt dó. | Ealaíontóirí Aonair agus Eagraíochtaí Ealaíona, CCDnG, BOO, Ealaín na Gaeltachta, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, An Chomhairle Ealaíon, REOG | M |
| | | 3.15.5. | Clár coimisiún ealaíne poiblí an Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcónaí. | Ealaíontóirí Aonair agus Eagraíochtaí Ealaíona, CCDnG , Ealaín na Gaeltachta, ÚnaG, An Chomhairle Ealaíon, REOG | S |

## Sprioc 4: Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Folláin a Chur Chun Cinn

| Sprioc 4: Pobail atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Folláin a Chur Chun Cinn<br>Cuspóirí | | |
|---|---|---|
| 4.1. | Uilechuimsitheacht Dhigiteach | Rannpháirtíocht pobal áitiúil sa tSochaí Dhigiteach a chur chun cinn agus a éascú. |
| 4.2. | Leathanbhanda | Soláthar Leathanbhanda Ardluais a uasmhéadú sa Chontae chun fás pobal inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chumasú. |
| 4.3. | Rannpháirtíocht | Rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta a chur chun cinn agus a chothú i measc pobail mhíbhuntáistiúla agus grúpaí spriocdhírithe imeallaithe agus dul i dteagmháil le geallsealbhóirí iomchuí áitiúla agus náisiúnta chun eisiamh sóisialta agus saincheisteanna comhionannais a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin. |
| 4.4. | Sláinte & Leas | Sláinte agus leas a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. |
| 4.5. | Uilechuimsitheacht Shóisialta | Bochtaineacht a laghdú agus uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus trí chomhoibriú ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. |
| 4.6. | Mná | Ceartas sóisialta, comhionannas agus cearta daonna ban a chur chun cinn. |
| 4.7. | Fostaíocht | Conairí i dtreo fostaíochta a chruthú do dhaoine ó phobail imeallaithe mhíbhuntáistiúla agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. |
| 4.8. | Pobail na nOileán | Obair a dhéanamh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht phobail na n-oileán. |
| 4.9. | Pobail Tuaithe & Cósta | Tacú le pobail tuaithe agus cósta atá faoi bhagairt agus a bhfuil meath ag teacht orthu. |
| 4.10. | Pobail Ghaeltachta Dhún na nGall | Tacú le hinbhuanaitheacht phobail Ghaeltachta Dhún na nGall. |
| 4.11. | An Ghaeilge | Méadú a dhéanamh ar an líon cainteoirí Gaeilge, agus ar chion na gcainteoirí Gaeilge i ndaonra an Chontae, agus lasmuigh de, lena n-áirítear an diaspóra. |
| 4.12. | Contae Aoisbhá | Contae Dhún na nGall a fhorbairt mar chontae 'Aoisbhá'. |
| 4.13. | Leanaí & Daoine Óga | Obair a dhéanamh chun 5 thoradh náisiúnta a bhaint amach do leanaí de réir mar atá leagtha amach sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020. |
| 4.14. | Daoine faoi Mhíchumas | Rannpháirtíocht iomlán ag daoine faoi mhíchumas sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. |
| 4.15. | Pobal an Lucht Siúil agus an Pobal Romach | Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh chun saincheisteanna, ábhair imní agus bacainní a shainaithint maidir le soláthar seirbhísí do Phobal an Lucht Siúil, don Phobal Romach agus do Phobail Mhionlaigh Eitnigh agus cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. |
| 4.16. | Léann | A chumasú do dhaoine aonair agus do phobail teacht chun bheith inbhuanaithe trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhFoghlaim ar feadh an tSaoil. |

| | |
|---|---|
| 4.17. Cothú Síochána & Réiteach Coimhlinte | Deiseanna a fhorbairt i ndáil le cothú síochána agus réiteach coimhlinte laistigh den Chontae agus ar bhonn trasteorann agus straitéisí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar sheicteachas, ar chiníochas agus ar shaincheisteanna coimhlinte áitiúla trí chur chuige forbartha pobail a ghlacadh. |
| 4.18. Obair Dheonach | Obair dheonach a fhorbairt mar acmhainn do Chontae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. |
| 4.19. Eagraíochtaí Pobail | Tacú le hobair eagraíochtaí pobail/deonacha laistigh de Chontae Dhún na nGall mar acmhainn do chaipiteal sóisialta a úsáidfear chun deiseanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur ar aghaidh. |
| 4.20. Bonneagar Pobail | An úsáid is mó agus is féidir a bhaint as bonneagar pobail atá ann cheana féin agus féachaint le déileáil le haon easnaimh a shainaithnítear i ndáil le bonneagar pobail sa Chontae. |
| 4.21. Lárionaid Forbartha | Tacaíocht a thabhairt, agus cur chun cinn a dhéanamh, maidir le neartú uirbeach na Lárionad Forbartha atá sainaitheanta agus maidir leis na lonnaíochtaí atá ann mar thaca do na lárionaid sin le gur féidir pobail inbhuanaithe uilechuimsitheacha a chur chun cinn agus a éascú. |

## Sprioc 4: Gníomhaíochtaí

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.1.** | Rannpháirtíocht pobal áitiúil sa tSochaí Dhigiteach a chur chun cinn agus a éascú. | 4.1.1. | Comhoibriú chun Plean Gníomhaíochta Digiteach Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm. | **ERNACT, CCDnG,** ÚnaG, ITLC, FÉ, FÉ, ÚFT, RPFAN, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhpháirtithe tionscail | G- M |
| | | 4.1.2. | Gach deis a fhiosrú agus a chur chun cinn mar ábhar tosaíochta, chun líonra leathanbhanda, athléimneach, ardluais a chinntiú ar fud an Chontae ina iomláine, lena n-áirítear na hoileáin. | **RPFAN,** CCDnG, ÚnaG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |
| | | 4.1.3. | Faireachlann Teicneolaíochta Digití a bhunú chun taighde, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar réitigh Ardluais do Chontae Dhún na nGall agus chun glacadh ICT a chur chun cinn. | **ERNACT,** CCDnG, RPFAN, ITLC, FÉ, ÚFT | G- M |
| | | 4.1.4. | Clár oiliúna de 'Scileanna Digiteacha do Chách' a fhorbairt trí líonra de mhoil dhigiteacha lonnaithe go straitéiseach. | **CCDnG,** ERNACT, FÉ, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |
| | | 4.1.5. | Deiseanna a iniúchadh chun rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú trí roinnt seirbhísí poiblí nua i gComhairle Contae Dhún n nGall a fhorbairt agus sonraí oscailte in úsáid, agus cur chuige nuálaíochta oscailte nó saotharlanna beo. | CCDnG | G |
| | | 4.1.6. | Cumas úsáid teileachomhdhála físe a fhorbairt mar bhealach chun deis oideachais a leathnú amach do cheantair tuaithe. | Cuideachtaí Forbartha,ÚnaG | G |
| | | 4.1.7. | Forbairt a dhéanamh ar an gcumas do naisc trasteorann agus tionscnaimh a úsáideann teicneolaíocht dhigiteach idir fiontair shóisialta lonnaithe ar chonair an Iarthuaiscirt. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D | G- M |
| | | 4.1.8. | Margaíocht agus cur chun cinn tionscadal turasóireachta pobail a spreagadh agus a fhorbairt tuilleadh agus úsáid á baint as teicneolaíocht dhigiteach. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, grúpaí P&D, Turasóireacht Dhún na nGall | M |
| | | 4.1.9. | Clár meán digiteach scoile a fhorbairt agus cumas digiteach scoileanna a neartú. | ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile | M |
| **4.2.** | Soláthar Leathanbhanda Ardluais a uasmhéadú sa Chontae chun fás pobal inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chumasú. | 4.2.1. | Gach deis chun líonra leathanbhanda athléimneach, ardluais a chinntiú ar fud an Chontae ina iomláine, lena n-áirítear na hoileáin, a fhiosrú agus a chur ar aghaidh mar ábhar tosaíochta. | RPFAN, CCDnG, ÚnaG, ERNACT, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíocht a | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.2.2. | Faireachlann Teicneolaíochta Digití a bhunú chun taighde, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar réitigh Ardluais do Chontae Dhún na nGall agus chun glacadh ICT a chur chun cinn. | **ERNACT,** CCDnG, RPFAN, ITLC, FÉ, ÚFT | G- M |
| **4.3.** | Rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta a chur chun cinn agus a chothú i measc pobail mhíbhuntáistiúla agus grúpaí spriocdhírithe imeallaithe agus dul i dteagmháil le geallsealbhóirí iomchuí áitiúla agus náisiúnta chun eisiamh sóisialta agus saincheisteanna comhionannais a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin. | 4.3.1. | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) a fhorbairt a éascóidh rannpháirtíocht agus ionadaíocht pobal ar bhealach cóir, cothrom agus trédhearcach. | CCDnG, LRP Dhún na nGall, ÚnaG, grúpaí P&D, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.3.2. | Cumas pobal agus na hearnálacha deonacha & pobail uilechuimsitheacha agus timpeallachta a neartú chun rannchuidiú go gníomhach sa phobal ina bhfuil siad ina gcónaí/rannpháirteach agus tionchar a bheith acu ar athrú. | CCDnG, LRP Dhún na nGall, ÚnaG, grúpaí P&D, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO | G- M |
| | | 4.3.3. | Dul i dteagmháil leis na hearnálacha den phobal is imeallaithe agus atá faoi mhíbhuntáiste agus díriú ar riachtanas trí obair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. | CFPÁ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, TUSLA, ÚnaG, TDGLS, grúpaí P&D, príomheagraíochtaí óige, BOO | G- M |
| | | 4.3.4. | Daoine ó phobail faoi mhíbhuntáiste agus spriocghrúpaí a chumasú chun páirt a ghlacadh i struchtúir chinnteoireachta ar nithe a mbíonn tionchar acu ar a saoil. | LBDG, ÚnaG, Foróige, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, BOO | G- M |
| | | 4.3.5. | Mapáil a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí pobail agus sóisialta atá ann cheana agus comhoibriú ar dheiseanna atá le réadú trí chomhordú idirghníomhaireachta chun soláthar d'éascaíocht rochtana. | Tusla, LBDG, grúpaí P&D, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO | M |
| | | 4.3.6. | Leanúint agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chuid na 'gCÓNAITHEOIRÍ' ar Thairseach Dhún na nGall chun feasacht agus eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil a mhéadú. | CCDnG, grúpaí P&D, LBDG | G- M |
| | | 4.3.7. | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobail a spreagadh agus gníomhaíochas polaitiúil agus pobail a chur chun cinn. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, ÚnaG, Líonra Ban Dhún na nGall, BOO | M |
| | | 4.3.8. | Oiliúint i neartú cumais a sholáthar chun grúpaí imeallaithe a chumasú le bheith rannpháirteach agus dul i gcion ar bheartas poiblí. | Grúpaí P&D, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, LBDG, BOO | G- M |
| | | 4.3.9. | Dul i dteagmháil le príomhsholáthróirí túslíne mar ionaid phobail, an tseirbhís leabharlainne, Eolas do Shaoránaigh, agus MABS chun dea-chleachtas a shainaithint i rochtain ar | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, LBDG, CCDnG, grúpaí P&D, BOO | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | sheirbhísí a fheabhsú do ghrúpaí 'atá deacair teacht orthu', do dhaoine aonair agus do ghrúpaí tathanta agus i soláthar saoráidí mar láithreacha for-rochtana do rannpháirtíocht spriocghrúpaí agus pobail imeallaithe. | | |
| | | 4.3.10. | Contae uilechuimsitheach sóisialta a fhorbairt agus a choinneáil trí chomhoibriú il-gheallsealbhóra. | LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, FSS, grúpaí P&D, BOO | G- M |
| | | 4.3.11. | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sibhialta agus cultúir a mhéadú do dhaoine a bhraitheann eisiamh shóisialta agus leithlisiú laistigh de phobail faoi mhíbhuntáiste. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, BOO | M |
| | | 4.3.12. | Próifíl dhéimeagrafach a dhéanamh maidir le grúpaí mionlaigh eitnigh i nDún na Gall agus na haschuir a chur ar fáil. | CCDnG | G |
| | | 4.3.13. | Glacadh le saibhreas cultúir an raon leathan teangacha mionlaigh i gContae Dhún na nGall trí aithint agus soláthar seirbhísí agus ábhar sa mháthairtheanga agus chun a n-úsáid a spreagadh go háirithe trí fhoilsiú ábhair ábhartha bainteach le seirbhísí na hearnála poiblí. | CCDnG, FSS, BOO | G- M |
| | | 4.3.14. | Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh bunaithe ar an gcothromas don phobal LADT agus iad a fhorbairt. | SÓDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO, comhlachtaí scoile | G- M |
| | | 4.3.15. | Seachtain Uilecuimsitheachta Sóisialta nuálaíoch agus rannpháirtíoch a fhorbairt a chuireann pobail, eispéiris agus eisiamh sa lár agus chun a chinntiú go mbíonn úsáideoirí seirbhíse bainteach le forbairt agus le bainistíocht seirbhíse chun a chinntiú go bhfreastalaíonn seirbhísí/eagraíochtaí ar a riachtanais. | Grúpaí P&D groups, eagraíochtaí mionlaigh eitnigh agus Grúpa Nascachta Uilechuimsitheachta Sóisialta an LRP, LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO | G- M |
| | | 4.3.16. | Neartú cumais a chur ar fáil d'eagraíochtaí reachtúla maidir le déileáil le grúpaí imeallaithe. | CCDnG, FSS, grúpaí P&D, BOO, comhlachtaí scoile | G |
| **4.4.** | Sláinte agus leas a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | 4.4.1. | Oibriú i gcomhpháirtíocht le struchtúir reatha soláthar seirbhísí sláinte mar Fhoirne agus Líonraí Príomhchúraim, Foirne Meabhairshláinte Pobail laistigh d'Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail chun so-rochtaineacht ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail | FSS, LBDG, Tusla, SÓDG, grúpaí P&D, Jigsaw Donegal | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíocht a | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | áitiúil a chinntiú. | | |
| | | 4.4.2. | Tacú le cur i bhfeidhm tionscadal chun tosaíochtaí áitiúla a bhaint amach laistigh den Chreat Náisiúnta do 'Éire Shláintiúil' agus chun sláinte agus folláine a fheabhsú trí chur chuige comhpháirtíochta laistigh de struchtúir agus eagraíochtaí reatha agus trí rannpháirtíocht le cláir reatha mar imeachtaí Teilgin, Cláir do Chúramóirí, Donegal Pride of Place, Seachtain Uilechuimsitheachta Sóisialta, Coicís Ardú Meanma, Coicís Chóirthrádála, seachtain folláine Leitir Ceanainn – Fóram Sláinte pobail Leitir Ceanainn a chuimsíonn gach grúpa áitiúil. | FSS, TUSLA, CCDnG, LBDG, Foróige, grúpaí P&D, Gníomhaireacht Mhíchumais DESSA, BOO, SÓDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Jigsaw Donegal, comhlachtaí scoile | G- M |
| | | 4.4.3. | Tionscnaimh tacaíochta teaghlaigh a fhorbairt agus comhoibriú idirghníomhaireachta a chur chun cinn. | TUSLA, príomheagraíochtaí óige, FSS, grúpaí P&D, DES, LBDG | G- M |
| | | 4.4.4. | Cuir agus tacaigh le freagairtí pobail i dtaca le aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna lena n-áirítear andúil san alcól, meabhairfholláine trí rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spóirt. | TFR, Fóram Alcóil, RCS, grúpaí P&D, príomheagraíochtaí óige, LBDG | G- M |
| | | 4.4.5. | Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht chun tacú le scoileanna a ghlacann páirt sna Scoileanna a Chuireann an tSláinte Chun Cinn agus chun nasc a dhéanamh le tionscnaimh na Scoileanna Glasa, an Bhrait Bhuí agus na Scoile Gníomhaí. | FSS, TUSLA, grúpaí P&D, DES, SÓDG, LBDG, BOO, Jigsaw Donegal | G- M |
| | | 4.4.6. | Cláir a fhorbairt chun tacú le sláinte agus folláine leanaí agus daoine óga, agus iad a fheabhsú, i réimsí cothaithe, gníomhaíochta fisiciúla, spóirt, frithbhulaíochta agus aistriú ón scoil náisiúnta go dtí an meánscoil. | **Gach comhlacht scoile,** eagraíochtaí óige, LBDG, grúpaí P&D | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.4.7. | A chinntiú go n-éascaítear scoileanna chun nasc a dhéanamh le eagraíochtaí ó na hearnálacha Reachtúla agus deonacha chun na beartais Sláinte Éireann agus Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile a sheachadadh. | FSS, LBDG, SÓDG, grúpaí P&D, Jigsaw Donegal, CYPSC | G- M |
| | | 4.4.8. | Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht chun tacú le cur chuige scoileanna uile/lárnach do chur chun cinn sláinte agus folláine agus cláir ar leith mar 'Scoileanna a chuireann an tSláinte chun cinn': Scoileanna Glasa agus Scoileanna Gníomhacha; Bratach Buí. | FSS, DES, Comhlachtaí scoile, TUSLA, CCS, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, FRC's, Eagraíochtaí óige, CYPSC | G- M |
| | | 4.4.9. | Cur chuige comhpháirtíochta a bhunú chun déileáil leis an dochar bainteach le drugaí agus alcól inár bpobail lena n-áirítear spreagadh chun pobal a cur ag gluaiseacht agus cláir chun neartú cumais phobail a fhorbairt le freagairt do mhí-usáid alcóil agus dochar gaolmhar. | Fóram Alcóil, eagraíochtaí óige, TFR, FSS | G- M |
| | | 4.4.10. | Sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú trí fhorbairt clár athshlánaithe tiomána chun aghaidh a thabhairt ar an líon ard tiomána frithshóisialta i gContae Dhún na nGall agus gníomhaíochtaí a fheidhmiú a sainaithníodh sa Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre ar oideachas, innealtóireacht agus forfheidhmiú chun sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú agus sláinte agus folláine a chur chun cinn | CCDnG, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, comhlachtaí scoile, eagaraíochtaí óige | G- M |
| | | 4.4.11. | Inrochtaineacht ar thacaíochtaí meabhairshláinte a mhéadú do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair tuaithe mar aon le heolas agus iompar a chur ar fáil etc. | FSS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, Jigsaw Donegal | G- M |
| | | 4.4.12. | Tacú le Dún na nGall agus é a chur chun cinn mar Chontae Gníomhach a chuimsíonn agus a chuireann spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn do gach aois agus gach cumas, ag tabhairt ar níos mó daoine a bheith níos gníomhaí níos minice agus ag neartú cumais i bpobail i gcónaí chun gníomhaíocht fhisiciúil agus spórt a chur ar fáil do phobail, go háirithe na grúpaí a bhfuil sé deacair teacht orthu. | Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, gach comhlacht scoile | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.4.13. | Torthaí folláine agus sláinte a uasmhéadú, do phobail san fhorbairt bheartaithe ar Ghlasbhealach an Iarthuaiscirt agus i dtionscnaimh eile bainteach le spásanna lasmuigh. | CCDnG, CCDnG, Turasóireacht Dhún na nGall, FÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Údaráis Áitiúla tadhlacha, FSS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.4.14. | Oibriú i gcomhar le *Connecting for Life* Dhún na nGall – straitéis le féinmharú a chosc, a chur i bhfeidhm. | FSS, Grúpa Stiúrtha Connecting for Life. | G |
| | | 4.4.15. | Prionsabail agus cur chuige Clár Socruithe Sláintiúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun tacú le feidhmiú tionscnamh áitiúla mar Bhailte agus Sráidbhailte Sláintiúla. | CHF's, FSS, Fóram Alcóil, grúpaí P&D, CYPSC | M |
| | | 4.4.16. | Cur le háiteanna súgartha reatha agus iad a fheabhsú agus áiteanna súgartha nua a fhorbairt chun freastal ar réimsí aitheanta riachtanais agus tacú le sláinte agus folláine i leanaí. | CCDnG, grúpaí P&D, comhlachtaí oideachais, Ionad Ban Dhún na nGall | M |
| | | 4.4.17. | Cláir leabharlainne, ealaíon agus cultúir a fhorbairt bainteach le meabhairshláinte, sláinte shóisialta agus cosc féinmharaithe. | CCDnG, Eagraíochtaí Óige, Fóram Alcóil, FSS | M |
| | | 4.4.18. | Daoine óga a aithint a raibh tionchar ar a saoil ag riachtanais chúraim duine den teaghlach ar chúramóir óg é agus tacú leo agus tionscnaimh áitiúla a chur chun cinn a rannchuidíonn le sláinte agus folláine dearfach. E.g. Walk & Talk, Men on the move. Etc. | Príomheagraíochtaí óige, CYPSC | G |
| | | 4.4.19. | Acmhainneacht Bhealach Féich- Srath an Urláir mar Lárionad Sármhaitheasa don Spórt agus Áineas a uasmhéadú chun torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú agus samhail dea-chleachtais a bhunú. | CCDnG, pobail, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Coillte, BASICC, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M |
| **4.5.** | Bochtaineacht a laghdú agus uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus trí chomhoibriú | 4.5.1. | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) a fhorbairt a éascóidh rannpháirtíocht agus ionadaíocht pobal ar bhealach cóir, cothrom agus trédhearcach agus a neartóidh cumas pobal agus na hearnálacha deonacha & pobail uilechuimsitheachta | CCDnG, LRP Dhún na nGall | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíocht a | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. | | agus timpeallachta chun rannchuidiú go gníomhach sa phobal ina bhfuil siad ina gcónaí/rannpháirteach. | | |
| | | 4.5.2. | Troid in aghaidh bochtaineachta breosla trí chur le feasacht ar mheicníochtaí atá ar fáil chun a chinntiú go bhfuil tithe níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh trí uasghráduithe fuinnimh ar thithe agus cur chuige comhoibríoch a bhunú d'fheidhmiú agus d'éascú tionscadal. | RCS/ Oifigigh Leasa Pobail, Eolas do Shaoránaigh, MAB's, LBDG, Líonra Ban Dhún na nGall | G- M |
| | | 4.5.3. | Tionscnaimh a bhunú chun cuidiú le daoine gan dídean, daoine atá ag iarraidh maireachtáil go neamhspleách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais, agus cuidiú le daoine ullmhú don mhaireachtáil neamhspleách, lena n-áirítear daoine óga ag aistriú ó Chúram go dtí maireachtáil neamhspleách. | CCDnG, LDGMN, TDGLS, Simon, daoine óga ag fágáil cúraim, SÓDG, Foróige, FSS, TUSLA | G- M |
| | | 4.5.4. | Tacú le grúpaí pobail ionadaíocha lonnaithe sa cheantar díriú ar riachtanais áitiúla agus iad a aithint trí chuir chuige chomhoibríocha le gníomhaireachtaí réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla a thugann aghaidh ar eisiamh sóisialta agus ar an mbochtaineacht mar fóraim agus líonra ceantair. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG, CCDnG, TUSLA, BOO, gníomhaireachtaí ábhartha eile | G |
| | | 4.5.5. | A chinntiú go mbíonn ról lárnach agus gníomhach ag eagraíochtaí eisiaimh shóisialta, mionlaigh eitnigh agus forbartha pobail áitiúla i struchtúir chomhoibríocha a throideann in aghaidh na bochtaineachta, a laghdaíonn eisiamh sóisialta agus a chuireann comhionannas chun cinn. | Grúpaí P&D, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.5.6. | Leithlisiú agus eisiamh sóisialta a laghdú, go háirithe maidir le pobail a bhfuil sé deacair teacht orthu go geografach trí fhorbairt leanúnach tionscnamh iompar tuaithe inbhuanaithe. | FSS, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, SITT, An tÚdarás Náisiúnta Iompair | G- M |
| | | 4.5.7. | Dul i dteagmháil go díreach agus tacú le rannpháirtíocht daoine a shainaithníodh mar LADT i bhforbairt seirbhíse | CCDnG, SÓDG, Eagraíochtaí óige, TDGLS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, TUSLA, FSS, An Garda Síochána, BOO, comhlachtaí scoile | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.5.8. | Dearcadh dearfach i leith an phobail LADT a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí agus troid in aghaidh homafóibe. | CCDnG, SÓDG, Eagraíochtaí óige, TDGLS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, TUSLA, FSS, An Garda Síochána, BOO, comhlachtaí scoile | G |
| | | 4.5.9. | Cur le cumas eagraíochtaí pobail chun a bheith rannpháirteach go gníomhach i raon coistí, fóraim, grúpaí oibre | CCDnG, grúpaí P&D, gníomhaireachtaí ábhartha eile, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO, comhlachtaí scoile | G |
| | | 4.5.10. | Leanúint d'obair an Ghrúpa Comhordaithe um Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta i roinnt faisnéise, eolais agus foghlama laistigh den earnáil, i riachtanais a shainaithint agus i ndearadh agus i bhfeidhmiú gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas. | BOO, comhlachtaí scoile, CCDnG, grúpaí P&D | G |
| **4.6.** | Ceartas sóisialta, comhionannas agus cearta daonna ban a chur chun cinn. | 4.6.1. | A chinntiú go mbíonn comhéifeachtaí tairbheacha ag gach beartas agus cleachtas laistigh d'eagraíochtaí ar fhir agus ar mhná trí gach beartas agus cleachtas a dhéanamh neodrach ó thaobh inscne. | LBDG, CCDnG, páirtithe leasmhara ábhartha. | G- M- F |
| | | 4.6.2. | Tacaíochtaí, seirbhísí agus oideachas inbhuanaithe a fhorbairt a thacaíonn le rannpháirtíocht na mban i rólanna ceannaireachta – sa teaghlach, sa phobal, i ngnó agus sa saol poiblí agus leas a bhaint as samhla dea-chleachtais. | LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |
| | | 4.6.3. | Oibriú i dtreo aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste sóisialta, cultúir, eacnamaíoch agus polaitiúil a bhraitheann mná i nDún na nGall trí bheith rannpháirteach agus seasamh le mná a bhraitheann míbhuntáiste, leithcheal agus eisiamh sóisialta. | LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G- M |
| | | 4.6.4 | Forbairt agus comhdhlúthú earnáil na mban a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt agus iarracht a dhéanamh acmhainní a chur ar fáil d'earnáil reatha na mban le go mbeadh sé inbhuanaithe agus forbartha tuilleadh agus chun naisc agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir mná agus na hearnálacha cuí, e.g. sláinte, oideachas, tithíocht, cultúr agus | CCDnG, Príomheagraíochtaí ban | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | fiontar, á aithint nach grúpa aonchineálach iad mná. | | |
| | | 4.6.5. | Rannpháirtíocht na mban ina bpobail áitiúla a éascú agus tacú lena n-uilechuimsiú i ngach earnáil den tsochaí. | LBDG | G- M |
| | | 4.6.6. | Tionscnaimh comhionannais inscne pobalbhunaithe a fhorbairt chun dul i dteagmháil le fir maidir le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chomhionannais a dhíríonn ar éagothromais a fhulaingíonn mná lena n-áirítear foréigean baile. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Eagraíochtaí ban | M |
| | | 4.6.7. | Ráiteas Comhionannais agus Cearta an Duine a Fhorbairt laistigh den PÁEP. | CCDnG | G |
| | | 4.6.8. | A chinntiú go mbíonn gach ball den CFPÁ rannpháirteach in Oiliúint Inscne (Pobal) le geallsealbhóirí ábhartha eile laistigh de thréimhse aontaithe. | CCDnG, CFPÁ | G |
| | | 4.6.9. | Gabháil de, cur ar an eolas agus tacú le slógadh agus rannpháirtíocht ban, go háirithe iad siúd is imeallaithe. | LBDG | G- M |
| **4.7.** | Conairí i dtreo fostaíochta a chruthú do dhaoine ó phobail imeallaithe mhíbhuntáistiúla agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | 4.7.1. | Fóram Forbartha Fiontair a bhunú le hionadaithe ar fud na hearnála chun cur chuige comhoibríoch a chinntiú maidir le déileáil le bacainní an mhargaidh saothair agus aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus dea-chleachtas á úsáid go háitiúil agus go náisiúnta, tacú le cláir ghníomhachtaithe saothair agus iad a fhorbairt tuilleadh. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ITLC, ÚnaG, grúpaí P&D, BOO | G |
| | | 4.7.2. | Comhairle, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe agus deiseanna féinfhostaíochta á lorg acu trí oifigigh eolais a chur ar ais arís in oifigí Leasa Shóisialaigh agus daoine a threorú go dtí gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha eile. | CCDnG, RCS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Ionad do Dhaoine Dífhostaithe | G- M |
| | | 4.7.3. | Tacú le daoine a bhí dífhostaithe a bhfiontair ghnó a choinneáil. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Ionad do Dhaoine Dífhostaithe | G- M |
| | | 4.7.4. | Tacú le daoine atá dífhostaithe trí chomhcheangal d'fhorbairt phearsanta duine ar dhuine agus tacaíochtaí oiliúna a chuireann deiseanna ar fáil do dhul chun cinn an mhargaidh | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Ionad do Dhaoine Dífhostaithe | G- M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | saothair. | | |
| 4.8. | Obair a dhéanamh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht phobail na n-oileán. | 4.8.1. | Gach deis a fhiosrú agus a chur chun cinn mar ábhar tosaíochta, chun líonra leathanbhanda athléimneach, ardluais a chinntiú ar fud an Chontae ina iomláine, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar Thionscadal Leathanbhanda Síneach Árainn Mhór. | ÚnaG, CTÉ, Roinn na Cear, RDP Oileánda, BOO, Comharchumainn na nOileán, Coiste Comhairle na nOileán, grúpaí P&D | M |
| | | 4.8.2. | Nascacht 4G a chur chun cinn (i.e. Facetime agus Skype) mar bhealach le nascacht leis na hOileáin a leathnú. | ÚnaG, Comhar na nOileán, Comharchumainn na nOileán, CTÉ, Grúpaí P&D | M |
| | | 4.8.3. | An Ghaeilge agus tréithe canúnacha pobal na nOileán a chothú agus tacú leo agus fócas ar oidhreacht lena n-áirítear, ach ní go heisiach, cartlann cheoil/amhráin. | ÚnaG, Comhar na nOileán, Comharchumainn na nOileán, CTÉ, grúpaí P&D | M |
| | | 4.8.4. | Oibriú le muintir na nOileán chun tairbhe a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch Shlí an Atlantaigh Fhiáin lena n-áirítear gníomhaíocht ar sheandálaíocht i gcomhar leis na hoileáin agus an mhórthír mar aon le promóisean turasóireachta ceirde agus ginearálta. | Comhlachtaí Turasóireachta, CTÉ, Roinn na Cear, RDP na nOileán, BOO, Comharchumainn na nOileán, Coiste Oileán na Comhairle, Gael Saoire, Cuideachtaí Farantóireachta, Aerfort, CCDnG, grúpaí P&D | M |
| | | 4.8.5. | Oidhreacht, cultúr, traidisiúin agus teanga Oileán Dhún na nGall a chosaint agus tairbhe chuí a bhaint as na hacmhainní seo do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus don fhostaíocht. | Coiste na nOileán, Comharchumainn na nOileán, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, CCDnG | M |
| | | 4.8.6. | Dul i mbun cláir eacnamaíocha agus pobail a rannchuideoidh le daingniú an phobail. | Coiste na nOileán, Comharchumainn na nOileán, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, CCDnG | M |
| | | 4.8.7. | Oibriú i gcomhar le seirbhísí riachtanacha na nOileán a chosaint | Coiste na nOileán, Comharchumainn na nOileán, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, CCDnG | M |
| 4.9. | Tacú le pobail tuaithe agus cósta atá faoi bhagairt agus a bhfuil meath ag teacht orthu. | 4.9.1. | Tacaíocht a chur ar fáil i gcónaí do ghnóthais nua-thionscanta, chun fiontraíocht a chumasú agus gnóthais atá ann cheana a fhás. | CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG | G- M –F |
| | | 4.9.2. | Tacú le pobail feirmeoireachta agus iascaireachta agus iad a | CTÉ, UFA, Naisc Tuaithe na hÉireann, ITLC, | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | chumasú chun foinsí ioncaim inbhuanaithe agus nua a chruthú chun teacht in áit deiseanna fostaíochta laghdaithe, chun fostaíocht agus ioncam a fheabhsú agus cáilíocht na beatha i bpobail áitiúla a fheabhsú. | BOO, RCS, DES, Teagasc, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BIM, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | |
| | | 4.9.3. | Bunú deiseanna bia nua i gContae Dhún na nGall a spreagadh agus a éascú, go háirithe táirgeadh táirgí bia agus earraí de cháilíocht ar leith agus gnóthais déantúsaíochta bia breisluacha, a chuirfidh leis an gcultúr bia sa Chontae agus iad seo a léiriú ag féilte áitiúla. | ITLC, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG, ÚnaG, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G- M |
| | | 4.9.4. | Pobail chósta tuaithe, iascaireachta agus feirmeoireachta a fhorbairt trí bhuntáistí fuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú. | CTÉ, ÚnaG, ÚFIÉ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | M- F |
| | | 4.9.5. | Cumas fiontar bia agus tionscnóirí bia atá ann cheana laistigh de Dhún na nGall a mhéadú sa chaoi go dtiocfaidh siad chun a bheith níos iomaíche agus inbhuanaithe, go ndéanfaidh siad deiseanna margaidh nua a fhorbairt agus luach a chur le bianna a táirgeadh go háitiúil. | CCDnG, ITLC, ÚnaG, Teagasc, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla,Comhlacht Margaidh Pobail | G- M |
| | | 4.9.6. | Tacaíochtaí oiliúna agus cláir mhalartaithe a thairiscint do theaghlaigh iascaireachta agus feirmeoireachta. | Teagasc, ÚnaG, BIM; CTÉ, Eagraíochtaí Feirmeoireachta, Comharchumainn, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 4.9.7. | Cur le hinbhunaitheacht pobal iascaireachta agus feirmeoireachta trí chumas a neartú in úsáid teicneolaíochta digití chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i mbainistíocht agus i gcleachtais a chumasú. | ÚnaG, Teagasc, BIM; CTÉ, eagraíochtaí feirmeoireachta, Comharchumainn, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochanna | G- M |
| | | 4.9.8. | Pobail chósta tuaithe iascaireachta agus feirmeoireachta inbhuanaithe a fhorbairt agus na buntáistí ó bhainistíocht éiceolaíoch dea-chleachtais a uasmhéadú. | CCDnG, DAFM, REOG, BIM, ÚnaG, FÉ, soláthróirí oideachais 3ú leibhéal, grúpaí ionadaíochta pobail. | G-M-F |
| **4.10.** | Tacú le hinbhuanaitheacht phobail Ghaeltachta Dhún na nGall. | 4.10.1. | Deiseanna fostaíochta a chur chun cinn le tacú le pobail labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus iad a choinneáil agus a chothú. | ÚnaG, Roinn na Gaeltachta, BOO, grúpaí P&D, RCS | M |
| | | 4.10.2. | Chun cur ar chumas pobal Gaeltachta a n-acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áirítear forbairt | ÚnaG, Roinn na Gaeltachta, BOO | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | turasóireachta thar Thuaisceart Éireann amach. | | |
| | | 4.10.3. | Scileanna agus infhostaitheacht sa Ghaeltacht a fhorbairt lena n-áirítear turasóireacht, siúl, oidhreacht agus teanga. | Roinn na Gaeltachta, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG, BOO | M |
| | | 4.10.4. | Na healaíona a chur chun cinn agus fostaíocht agus deiseanna forbartha a mhéadú sna hearnálacha ealaíon, oidhreachta, teanga agus cultúrbhunaithe. | | G- M |
| | | 4.10.5. | Tacú le Pobail Ghaeltachta inbhuanaithe trí úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn mar cheart sna Lárionaid Seirbhíse Gaeltachta lonnaithe lasmuigh de Ghaeltacht Dhún na nGall agus ar lárionaid thábhachtacha soláthair seirbhíse iad do cheantar níos leithne lena n-áirítear cónaitheoirí Ghaeltacht Dhún na nGall maraon le pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt teanga agus soláthar forbairt bunscileanna teanga. | ÚnaG, Acadamh ITGME, Grúpa Stiúrtha na Gaeilge, ÚnaG, Foireann Bhaile Leitir Ceanainn, BOO, gach comhlacht scoile | G- M |
| | | 4.10.6. | Tacú le pobail Ghaeltachta níos inbhuanaithe agus níos uilechuimsithí trí sheachadadh clár arna dtreorú go háitiúil chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht a neartú, agus tacaíocht, gníomhaíochtaí agus deontóirí a ghríosú ar fud an chontae. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge, , CFPÁ, ÚnaG, eagraíochtaí pobail áitiúla, Ionad na nDeonach, BOO, gach comhlacht scoile | M |
| | | 4.10.7. | Deiseanna a chur ar fáil chun rochtain a fháil ar chosáin i dtreo na fostaíochta agus iad a sheachadadh; oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil; litearthacht, uimhearthacht agus scileanna cumarsáide; agus CPD trí Ghaeilge san earnáil oideachais nuair is cuí. | RCS, BOO, Acadamh ITGME, Muintearas, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ITLC | M |
| **4.11.** | Méadú a dhéanamh ar an líon cainteoirí Gaeilge, agus ar chion na gcainteoirí Gaeilge i ndaonra an Chontae, agus lasmuigh de, lena n-áirítear an diaspóra. | 4.11.1. | Líonra deiseanna foghlama Gaeilge d'aosaigh a sholáthar ar fud an Chontae do thuismitheoirí, agus do chuairteoirí agus do thurasóirí ar suim leo an teanga a fhoghlaim agus na cláir a bheadh ar fáil do ghrúpaí áitiúla a spreagadh. | ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi CFPÁ, BOO, eagraíochtaí Gaeilge, Acadamh ITGME, NUI Maigh Nuad | M |
| | | 4.11.2. | Tacaíochtaí a chur ar fáil do líonraí a sholáthraíonn deiseanna d'úsáid labhairt na Gaeilge. | Eagraíochtaí Gaeilge, grúpaí P&D | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.11.3. | Tacaíocht a thabhairt do Choláistí Samhraidh na Gaeltachta d'óige an Chontae agus níos faide ar shiúl (e.g. Scoláireachtaí, Margaíocht etc) agus iad a chur chun cinn. | ÚnaG, eagraíochtaí Gaeilge, grúpaí P&D , Coláistí Gaeilge, Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi CFPÁ | G |
| | | 4.11.4. | Forbairt na hearnála oideachais trí mheán na Gaeilge a choinneáil, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dí, lena n-áirítear réamhscoileanna, Gaelscoileanna, scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí dara leibhéal, agus institiúidí Tríú Leibhéal. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi CFPÁ , DES, scoileanna agus institiúidí trí mheán na Gaeilge agus Gaeltacht-bhunaithe, ÚnaG, eagraíochtaí Gaeilge<br>REOG, COGG | G- M |
| | | 4.11.5. | Iarracht a dhéanamh níos mó grúpaí deonacha Gaeilge a bhunú ar fud réimsí den Chontae nach bhfuil aon cheann iontu faoi láthair, tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ann, agus dul i dteagmháil le grúpaí pobail agus spóirt ar mian leo an teanga a chur chun cinn laistigh dá gclár reatha gníomhaíochtaí trí ghlacadh le plean teanga. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Eagraíochtaí Gaeilge, Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi, ÚnaG, grúpaí P&D | M |
| | | 4.11.6. | Líon, raon agus doimhneacht seirbhísí poiblí atá á dtairiscint i nGaeilge a choinneáil agus a mhéadú, thar aon ní eile do phobal na Gaeltachta, agus freisin do phobal labhartha na Gaeilge in áiteanna eile sa Chontae. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, comhlachtaí poiblí, ÚnaG, grúpaí pobail Ghaeltachta, eagraíochtaí Gaeilge | M |
| | | 4.11.7. | Tacú le líon na dteaghlach ar fud an Chontae a úsáideann an Ghaeilge mar theanga cumarsáide laethúil, taobh istigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di, an líon seo a choinneáil agus a mhéadú, trí<br>a. Comhairle, tacaíocht agus spreagadh a chur ar fáil do theaghlaigh óga chun an Ghaeilge a úsáid sa bhaile<br>b. Saoire agus gníomhaíochtaí sa Ghaeltacht agus/nó bunaithe ar an nGaeilge a chur ar fáil | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi CFPÁ, grúpaí Gaeilge, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG, REOG, Grúpaí Pobail Ghaeltachta gafa le pleananna teanga | M |
| | | 4.11.8. | Tacú le eagraíochtaí óige Gaeilge nua agus atá ann cheana agus iad a chur chun cinn, agus tacú le cur chun cinn gníomhaíochtaí Gaeilge laistigh de chlubanna óige agus grúpaí atá ann cheana atá ag feidhmiú trí Bhéarla go príomha faoi láthair. | Grúpa Stiúrtha na Gaeilge faoi CFPÁ, GAA, Clubanna Tar Éis Scoile, eagraíochtaí óige, eagraíochtaí Gaeilge, ÚnaG | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.11.9. | Tacú le húsáid na Gaeilge i bhfóraim chinnteoireachta agus í a chur chun cinn. | CCDnG, gníomhaireachtaí ábhartha eile | G- M |
| **4.12.** | Contae Dhún na nGall a fhorbairt mar chontae 'Aoisbhá'. | 4.12.1. | Straitéis Aoisbhá Dhún na nGall agus an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach a fheidhmiú dírithe ar Dhún na nGall a bheith ar cheann de na Contaetha is fearr in Éirinn le éirí sean ann, inrochtaineacht éasca ar fhoirgnimh phoiblí, ar shiopaí agus ar sheirbhísí, agus dearcthaí daoine níos sine a ionchorprú i gcinntí suntasacha a bheadh á ndéanamh ar fud an Chontae. | Comhaontas Aoisbhá | G- M |
| | | 4.12.2. | Dearcadh dearfach i leith aosaithe a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí maidir le daoine níos sine | Comhaontas Aoisbhá | G- M |
| | | 4.12.3. | Timpeallacht a chruthú ina leanfaidh daoine ag maireachtáil go neamhspleách ina mbailte agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. | Comhaontas Aoisbhá | G-M |
| | | 4.12.4. | Tuilleadh feabhais, tacaíochta agus naisc a dhéanamh le comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh atá ann cheana a thacaíonn le daoine níos sine a sláinte fhisiciúil agus meabhairfholláine a choinneáil, a fheabhsú nó a bhainistiú. | Comhaontas Aoisbhá | G-M |
| | | 4.12.5. | Tacú le grúpaí daoine níos sine laistigh den Chontae chun deiseanna áineasa, sóisialta a chur ar fáil a dhíríonn ar eisiamh sóisialta a bhíonn ar dhaoine níos sine laistigh den Chontae. | Comhaontas Aoisbhá | G-M |
| **4.13.** | Obair a dhéanamh chun 5 thoradh náisiúnta a bhaint amach do leanaí de réir mar atá leagtha amach sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020. | 4.13.1. | Acmhainní agus deiseanna a mhéadú do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil mar acmhainn chun sláinte agus folláine a fheabhsú, rannpháirtíocht phobail a spreagadh agus rannchuidiú le Forbairt Phearsanta. | Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, SÓDG | G-M |
| | | 4.13.2. | Sábháilteacht agus folláine leanaí agus daoine óga a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm acmhainní oideachasúla an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre mar aon le Sábháilteacht Uisce agus Feirme i ngach socraíocht oideachasúil. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, CCDnG, Comhairle Óige Dhún na nGall, SÓDG, BOO | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.13.3. | Bearta feabhsaithe innealtóireachta a shainaithint, tosaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht an turais scoile a fheabhsú. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, CCDnG, Comhairle Óige Dhún na nGall, SÓDG, BOO, Ionad Oideachais Dhún na nGall | G-M |
| | | 4.13.4. | Beartais ábhartha a phromhadh i gcomhthéacs bochtaineachta leanaí, míbhuntáiste agus cothromais | Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, SÓDG | G- M –F |
| | | 4.13.5. | Tacú le gníomhaíochtaí pobalbhunaithe do leanaí agus do theaghlaigh atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó ag fulaingt eisiaimh shóisialta. | Foróige, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpa P&D | G-M |
| | | 4.13.6. | Deiseanna foghlaim ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an Chontae. | Foróige, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, comhlachtaí scoile, grúpaí P&D | G-M |
| | | 4.13.7. | Tacaíocht a thabhairt agus acmhainní a lorg do sholáthar forbartha pearsanta, cláir foghlama agus tionscnaimh shóisialta do dhaoine atá ag maireachtáil i bpobail agus i spriocghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. | Foróige, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D | G-M |
| | | 4.13.8. | A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh ar ghníomhaíocht shóisialta agus áineasa | Foróige, Comhpháirtíocht Spóirt Dhun na nGall, eagraíochtaí óig, grúpaí C &V | G-M |
| | | 4.13.9. | Tacú le cúnamh d'iarrachtaí pobail agus é a neartú chun seirbhísí a fhorbairt do dhaoine óga Leispiacha, Déghnéasacha, Aeracha agus Trasinscne agus aosaigh óga ar fud an Chontae. | Break Out, SÓDG | G-M |
| | | 4.13.10. | Tacú le forbairt 'Líonraí Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh' ar fud Contae Dhún na nGall a bhfuil d'aidhm acu teaghlaigh a nascadh le hacmhainní tacaíochta ina líonraí | TUSLA, Foróige | G |
| | | 4.13.11. | Tacú le forbairt spásanna sábháilte do dhaoine óga agus do Leanaí | SÓDG, Gach gníomhaireacht agus eagraíocht ábhartha, Foróige | G-M |
| | | 4.13.12. | Tacú le obair óige agus é a chur chun cinn chun a chinntiú go n-airíonn daoine óga go bhfuil siad nasctha lena bpobail agus gur sócmhainn inbhuanaithe sa phobal i gcónaí iad | SÓDG,  Foróige, grúpaí P&D | G-M |
| | | 4.13.13. | Gach gníomhaireacht, comhlacht reachtúil agus eagraíocht pobail le hobair i gcomhar chun acmhainní atá ar fáil do leas agus do chosaint leanaí agus daoine óga gur mó a riachtanas, | Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, Tusla, grúpaí C& V, gníomhaireachtaí reachtúla | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | a uasmhéadú agus a dhíriú. | | |
| | | 4.13.14. | Acmhainní a lorg agus tuilleadh feabhais a chur ar chomhpháirtíochtaí agus tionscnaimh atá ann cheana ag díriú ar chumas tuismitheoirí, cúramóirí agus ar theaghlaigh a fheabhsú chun tacú le roghanna níos sláintiúla dá leanaí agus dóibh féin. | Foróige, grúpaí C& V, FSS | G-M |
| | | 4.13.15. | An tseirbhís leabharlainne a fhorbairt agus a chur chun cinn mar acmhainn do leanaí agus do dhaoine óga agus oibriú i gcomhar le leanaí agus le daoine óga agus le eagraíochtaí gaolmhara chun a chinntiú go mbaineann leanaí agus daoine óga a lánacmhainneacht amach i bhfoghlaim agus i bhforbairt. | CCDnG | G |
| | | 4.13.16. | Saoil daoine óga i nDún na nGall a fheabhsú agus daoine óga a chumasú chun saincheisteanna a aithint, tionscadail a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht | Comhairle Óige Dhún na nGall, CCDnG, FSS, CYPSC, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, SÓDG, CYPSC, Foróige | G-M |
| | | 4.13.17. | Oibriú i gcomhar chun forbairt leanúnach luathsheirbhísí meabhairshláinte idirghabhála a chinntiú do dhaoine óga i nDún na nGall. | Jigsaw, FSS | G – M |
| **4.14.** | Rannpháirtíocht iomlán ag daoine faoi mhíchumas sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | 4.14.1. | Clár a fhorbairt chun ateagmháil a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas ag leibhéal an phobail chun deiseanna a sholáthar chun oibriú le geallsealbhóirí eile le torthaí níos fearr a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas. | IWA, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, LDGMN, FSS-Fis. &Céadfach, grúpaí P&D, LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, DLDC, | M |
| | | 4.14.2. | Tacú le soláthar tacaíochtaí maireachtála neamhspleácha cuí agus iad a neartú chun a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil, oideachas a fháil, oibriú agus gabháil do ghníomhaíochtaí áineasa ina bpobail áitiúla. | CCDnG, FSS, BOO, grúpaí P&D, LBDG, IWA, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, LDGMN, FSS - Fis. & Céadfach, grúpaí P&D, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.14.3. | Acmhainn a chur ar fáil agus tacú le cuir chuige na hearnála deonaí agus pobail maidir le díriú ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, ag obair i gcomhar le eagraíochtaí a mholann nó a thugann aghaidh ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.14.4. | Tacú le eagraíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta a fhulaingíonn daoine faoi mhíchumas. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.14.5. | Cosáin shoiléire a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas chun a rannpháirteachas i bhforbairt, feidhmiú agus athbhreithniú ar phleananna príomhshrutha a mbíonn éifeacht acu ar a saoil sa phobal áitiúil lena n-áirítear tacú le rochtain/iompar poiblí nó riachtanais lóistíochta/bonneagair eile chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas ag comhairliúcháin agus i gcur i bhfeidhm clár/gníomhaíochtaí a chinntiú. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Gníomhaireacht Míchumais DESSA | M |
| | | 4.14.6. | Cláir a fhorbairt a chuideoidh le fostóirí ar mian leo tús a chur le earcaíocht agus cleachtais ag an ionad oibre níos uilechuimsithí. | FSS, Solas, BOO | M |
| | | 4.14.7. | Oiliúint a chur ar fáil i gcónaí i measc geallsealbhóirí uile chun feasacht a mhúscailt maidir le fostaíocht faoi thacaíocht. | FSS, Solas, BOO | M |
| | | 4.14.8. | Acmhainní a lorg agus seirbhís abhcóideachta phearsanta a bhunú do Dhaoine faoi Mhíchumas i gcomhar le príomhghníomhaireachtaí mar Sheirbhís Eolais do Shaoránaigh | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Gníomhaireacht Míchumais DESSA | M |
| | | 4.14.9. | Acmhainní a lorg agus tacú le leathnú tionscnamh iompair tuaithe do ghrúpaí leochaileacha | SITT, CCDnG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.14.10. | A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach duine faoi mhíchumas ar ghníomhaíochtaí spóirt, cultúir agus áineasa príomhshrutha lena n-áirítear saoráidí. | Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, NGB-anna, grúpaí P&D, Eagraíochtaí Míchumais | M |
| | | 4.14.11. | Ionad cuí a shainaithint agus tionscadal píolótach a fhorbairt “Baile Míchumais Báúil” a ghríosfadh na leasa áitiúla tráchtála, pobail, uilechuimsitheachta sóisialta agus turasóireachta chun samhail mhíchumais agus uilechuimsitheachta sóisialta a dhearadh agus a sheachadadh do Dhún na nGall. | Grúpaí P&D, Gníomhaireacht Míchumais DESSA | M |
| | | 4.14.12. | Na roghanna a bhreithniú maidir le oifigeach cothromais a ath-fhostú mar chuid de Chomhairle Contae Dhún na nGall. | CCDnG | M |
| **4.15.** | Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh chun saincheisteanna, ábhair | 4.15.1. | Comhordú clár áitiúla ar leith don Lucht Siúil agus don phobal Romach chun torthaí cothroma a chur ar fáil do na pobail sin. | CCDnG , TDGLS, DTIG | G-M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | imní agus bacainní a shainaithint maidir le soláthar seirbhísí do Phobal an Lucht Siúil, don Phobal Romach agus do Phobail Mhionlaigh Eitnigh agus cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. | 4.15.2. | Inniúlachtaí agus feasacht cultúir (lena n-áirítear oiliúint idirchultúir) a chur ar fáil, mar aon le cleachtas neamh-idirdhealaitheach do chomhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí pobail agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla mar chuid den phlean. | CCDnG , TDGLS, DTIG | M |
| | | 4.15.3. | Meicníochtaí a chur in áit do chomhairliúchán lánbhrí, rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus forbairt bheartais i gcomhpháirtíocht le pobal an Lucht Siúil, an pobal Romach agus an pobal Mionlaigh Eitnigh. | CCDnG , TDGLS, DTIG | G-M |
| | | 4.15.4. | A chinntiú go bhfuil beartais agus cleachtas áitiúil agus náisiúnta neamh-idirdhealaitheach i leith pobal an Lucht Siúil agus an phobail Romaigh. | CCDnG , TDGLS, DTIG | M |
| | | 4.15.5. | Rannpháirtíocht daoine den Lucht Siúil, den phobal Romach agus Mionlaigh Eitneacha ar na boird/coistí forbartha ábhartha (i.e. Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Seirbhísí Óige, Coistí Ceantair Bhardais, Comhairle Contae Dhún na nGall agus aon cheann ábhartha eile). | CCDnG , TDGLS, DTIG | G |
| | | 4.15.6. | An Creatstraitéis Idirghníomhaireachta a chur i bhfeidhm mar chomhfhreagra ar chúinsí géarchéime agus an Lucht Siúil agus pobal Romach a bheith san áireamh i gCláir PEACE todhchaí leis na téamaí cothrománacha le Mionlaigh Eitneacha eile. | CCDnG , TDGLS, DTIG | G-M |
| | | 4.15.7. | An Creat nua Romach agus Lucht Siúil Náisiúnta a fheidhmiú atá á fhorbairt ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Uilechuimsitheacht Romach agus Lucht Siúil. | CCDnG , TDGLS, DTIG | G-M |
| | | 4.15.8. | Oibriú le Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall agus Eagraíochtaí Pobail ábhartha eile chun córas a fhorbairt agus a chur chun cinn do thabhairt isteach réimse aitheantais eitnigh i ngach bailiúchán sonraí sa Chontae. | CCDnG , TDGLS, DTIG | G |
| | | 4.15.9. | Deiseanna a fhiosrú, acmhainní a lorg agus clár píolótach chun Clár an Bhrataigh Bhuí a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna agus/nó i scoileanna dara leibhéal i gContae Dhún na nGall chun uilechuimsitheacht a spreagadh agus éagsúlacht a cheiliúradh. | TDGLS, TDGLS, Ardán Idirchultúrtha, gníomhaireachtaí ábhartha eile, BOO | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.15.10. | Fóram Mionlaigh Eitnigh, Romach agus an Lucht Siúil a fhorbairt chun Straitéis Idirchultúir don Chontae a fhorbairt. | CCDnG, TDGLS, Ardán Idirchultúrtha agus Eagraíochtaí Pobail eile | G-M |
| | | 4.15.11. | Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil a athbhunú don Chontae le baill ó ghníomhaireachtaí ábhartha. Forbróidh an grúpa seo straitéis ar féidir acmhainní a fháil di, dul i mbun gníomhaíochta agus a chur i bhfeidhm. | CCDnG, TDGLS agus gníomhaireachtaí ábhartha eile | G-M |
| | | 4.15.12. | Déanfaidh Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall Promhadh Lucht Siúil ar bheartais agus ar phleananna gníomhaíochta chun uilechuimsitheacht Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh a chinntiú agus seachadadh seirbhíse neamh-idirdhealaithí. | TDGLS | G-M |
| **4.16.** | A chumasú do dhaoine aonair agus do phobail teacht chun bheith inbhuanaithe trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhFoghlaim ar feadh an tSaoil. | 4.16.1. | Fianaise atá ar fáil faoi ghlacadh fostaíochta tar éis clár oiliúna agus oideachais a úsáid san athbhreithniú agus i bhforbairt bhreise na gclár seo. | **BOO,** ÚnaG, gach eagraíocht Oiliúna agus Oideachais Conte, LBDG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| | | 4.16.2. | Forbairt earnálach níos sonraí a chur chun cinn agus a threorú le bunú clár oiliúna ailínithe leis na Lárionaid Forbartha mar shampla cúrsaí mara, turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite, bia, spóirt agus oidhreacht. | **CCDnG,** ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO, ITLC, LBDG | M |
| | | 4.16.3. | Tacú le daoine aonair agus grúpaí imeallaithe a fhulaingíonn míbhuntáiste oideachasúil chun rochtain a fháil, dul i ngleic le agus páirt a ghlacadh i ndeiseanna don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil. | **RCS,** Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO, FSS, Tusla, grúpaí P&D, Eagraíochtaí Óige, ITLC, UU, Solas, LBDG | M |
| | | 4.16.4. | Tacú le leanaí agus le daoine óga atá i mbaol luathfhágáil na scoile agus/nó gan a bheith san oideachas nó in oiliúint trí chur chuige idirghníomhaireachta comhordaithe i gcomhairliúchán le foghlaimeoirí, caithfidh cláir neartú cumais agus forbartha pearsanta a bheith san áireamh i raon tacaíochtaí mar aon le cláir chreidiúnaithe. | **TUSLA,** na scoileanna uile**,** Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BOO, FSS, grúpaí P&D, Eagraíochtaí óige, ITLC, UU, RCS, Solas, SÓDG, CCS | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomh aíocht a | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.16.5. | An Clár Gnóthachtálaithe Sóisearacha agus Clár Gnó na meánscoile a chur chun cinn tuilleadh. | CCDnG , ÚnaG, na scoileanna uile | G-M |
| | | 4.16.6. | Seachadadh deiseanna oideachais pobalbhunaithe a chomhordú sa chaoi gur féidir leo aghaidh níos fearr a thabhairt ar bhacainní ar an bhfoghlaim e.g. trí bhunú Fóram Foghlaimeoirí agus Oideachais Phobail ar fud na tíre. | **BOO,** Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ~~BOO,~~ FSS, Tusla, grúpaí P&D, Eagraíochtaí óige, ITLC, UU, RCS, Solas, Foróige, SÓDG, LBDG<br><br>CDP na Rosann, Pobail le Chéile, Comhpháirtíocht na Síochána | M |
| | | 4.16.7. | Clár oiliúna 'Scileanna Digiteacha do Chách' a fhorbairt trí líonra mol digiteacha lonnaithe go straitéiseach. | **CCDnG,** ERNACT, FÉ, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, LBDG, gach scoil | G |
| | | 4.16.8. | An tseirbhís leabharlainne a fhorbairt agus a chur chun cinn mar acmhainn d'eolas agus don fhoghlaim agus chun bailiúcháin ardcháilíochta a chur ar fáil chun léitheoireacht a chothú mar bhunscil don saol. | CCDnG, gach scoil | G |
| | | 4.16.9. | Cultúr foghlama a chothú i gcónaí i nDún na nGall trí thacú agus acmhainní a lorg don earnáil um oideachas leantach agus aosaigh sa Chontae. | **BOO**, Solas, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG | M |
| | | 4.16.10. | Acmhainneacht Bhealach Féich – Srath an Urláir agus Ráth Bhoth a uasmhéadú mar Mhol Oideachais chun cur le oideachas, oiliúint agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil sa Chontae. | BOO, ITLC, soláthróirí oideachais, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
| **4.17.** | Deiseanna a fhorbairt i ndáil le cothú síochána agus réiteach coimhlinte laistigh den Chontae agus ar bhonn trasteorann agus straitéisí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar sheicteachas, ar chiníochas agus ar shaincheisteanna coimhlinte áitiúla trí chur chuige forbartha pobail a ghlacadh. | 4.17.1. | Tacú le lánfheidhmiú Scéime um Thuairisciú Teagmhais Chiníoch. | CCDnG, grúpaí P&D | M |
| | | 4.17.2. | Dul i ngleic go gníomhach leis an Lucht Siúil agus le mionlaigh eitneacha eile chun meicníochtaí a shainaithint a cheadaíonn dóibh páirt a ghlacadh sa tsochaí príomhshrutha ar bhealach níos lánbhrí. | CCDnG, SÓDG, Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall, TDGLS agus Eagraíochtaí Pobail ábhartha eile | G-M |
| | | 4.17.3. | Leibhéal na teagmhála curaclambhunaithe, inbhuanaithe dírí a mhéadú idir daltaí agus múinteoirí ó gach cineál cúlra chun oideachas roinnte a chur chun cinn. | Comhlachtaí scoile, SÓDG, Árdán Idirchultúrtha Dhún na nGall, TDGLS | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.17.4. | Bacainní ar rochtain ar an oideachas agus ar dheiseanna oiliúna do ghrúpaí Mionlaigh Eitnigh agus Gorma a shainaithint agus a thabhairt ar shiúl. | BOO, Solas, TDGLS, Ardán Idirchultúrtha < LBDG | G-M |
| | | 4.17.5. | Cuidiú le daoine óga, go háirithe iad siúd nach bhfuil san oideachas, sa bhfostaíocht agus/nó oiliúint tuiscint níos mó agus meas ar an éagsúlacht a fhorbairt; rochtain a fháil ar dheiseanna nua agus bheith ina saoránaigh ghníomhacha | BOO, Solas, SÓDG, grúpaí P&D | M |
| | | 4.17.6. | Spásanna agus seirbhísí roinnte nua atá ann cheana a fhorbairt agus cinn nua a chruthú áit ar féidir le daoine ó phobail agus ó chúlraí difriúla teacht le chéile chun foghlaim óna chéile agus meas a bheith acu orthu. | CCDnG, SÓDG, Seirbhís Óige Dhún na nGall, ÚnaG, FSS, grúpaí P&D | M |
| | | 4.17.7. | Caidreamh idirchultúir dearfach a fhorbairt agus a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil, sochaí a chruthú tréithrithe ag dea-chaidreamh agus meas, áit a ndéantar féiniúlacht chultúir agus éagsúlacht a cheiliúradh agus féadfaidh daoine maireachtáil, foghlaim agus bualadh le chéile saor ó chlaontacht, fuath agus éadulaingt. | SÓDG, ÚnaG, TDGLS, Ardán Idirchultúrtha agus grúpaí P&D eile | M |
| | | 4.17.8. | Cur leis an gcumas sa Chontae maidir le gníomhaíocht idirchultúir chun dul i dteagmháil le baill nua agus tacú le cearta agus teidlíochtaí grúpaí mionlaigh. | SÓDG agus Eagraíochtaí Pobail ábhartha eile | M |
| | | 4.17.9. | An acmhainneacht chun píolótú a dhéanamh ar 'Mharc Cáilíochta Idirchultúir' in aon ionad uirbeach sa Chontae a iniúchadh chun díriú ar chiníochas agus ar idirdhealú, acmhainní a fháil d'oiliúint feasachta idirchultúir cháilíochta d'fhoireann lena n-áirítear cearta fostaíochta agus caighdeáin a leagan síos d'iompar agus do chomhlíontacht d'eagraíochtaí tráchtála agus pobail araon. | TDGLS, Ardán Idirchultúrtha, BOO, Solas, grúpaí C& V | M |
| | | 4.17.10. | Clár a bhunú do rannpháirtíocht baill de CFPÁ in oiliúint idirchultúir chun tuiscint níos iomláine a fhorbairt ar eitneacht agus é seo a fheidhmiú chun bonn eolais níos fearr a chur faoi fhorbairt beartais. | TDGLS, Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall. | G-M |
| | | 4.17.11. | Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le grúpaí óige chun daoine óga a chumasú le rochtain a fháil ar straitéisí a thugann aghaidh ar sheicteachas, ar chiníochas agus ar | SÓDG agus Eagraíochtaí Pobail eile | M |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | choinbhleacht. | | |
| | | 4.17.12. | Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna coinbhleachta áitiúla de thoradh tiomána frithshóisialta trí fhorbairt clár athshlánaithe tiomána a mbeadh feabhsaithe ar shábháilteacht ar bhóithre de thoradh orthu, dearcthaí athraithe faoin tiomáint agus laghdú ar athchiontú. | CCDnG, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána | M |
| **4.18.** | Obair dheonach a fhorbairt mar acmhainn do Chontae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | 4.18.1. | Aitheantas a thabhairt d'obair dheonach i gContae Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | Ionad Oibrithe Deonacha Dhún na nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, Eagraíochtaí spóirt agus cultúir | M |
| | | 4.18.2. | Cláir a dhéanamh chun obair agus rannchuidiú daoine deonacha i gcothú gníomhaíochtaí pobail sa Chontae a shainaithint, a chur chun cinn agus tacú leis. (i.e. Dámhachtainí 'Me for You'). | Ionad Oibrithe Deonacha Dhún na nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Grúpaí Pobail agus Deonacha | M |
| | | 4.18.3. | Tacaíochtaí forbartha leantacha a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe agus dá gcoistí bainistíochta i gcomhordú, i dtreorú agus i bhforbairt na ndaoine deonacha. | Ionad Oibrithe Deonacha Dhún na Gall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D | M |
| | | 4.18.4. | Raon deiseanna d'obair dheonach cáilíochta a fhorbairt | Ionad Oibrithe Deonacha Dhún na nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M |
| | | 4.18.5. | Oiliúint cháilíochta a bhaineann le bainistiú daoine deonacha agus Forbairt Beartais a fhorbairt. | Ionad Oibrithe Deonacha Dhún na n nGall, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G-M |
| **4.19.** | Tacú le hobair eagraíochtaí pobail/deonacha laistigh de Chontae Dhún na nGall mar acmhainn do chaipiteal sóisialta a úsáidfear chun deiseanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a chur ar aghaidh. | 4.19.1. | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) a fhorbairt a éascóidh rannpháirtíocht agus ionadaíocht pobal ar bhealach cóir, cothrom agus trédhearcach agus a neartóidh cumas pobal agus na hearnálacha deonacha & pobail uilechuimsitheachta agus timpeallachta chun rannchuidiú go gníomhach sa phobal ina bhfuil siad ina gcónaí/rannpháirteach. | CCDnG, CFPÁ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Líonraí Fora agus CDPanna atá ann cheana, ÚnaG | G-M |
| | | 4.19.2. | Banc eolais/taighde a bhunú i gComhairle Contae Dhún na nGall chun sonraí ábhartha ó eagraíochtaí comhpháirtithe a scaipeadh. | CCDnG, gach gníomhaireacht agus eagraíocht, SpaceIAL NW | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 4.19.3. | Oibriú i gcomhar chun inmharthanacht agus cumas grúpaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla a choinneáil chun díriú isteach go díreach ar bhochtaineacht, eisiamh agus leithlisiú agus samhlacha dea-chleachtais atá ann cheana atá ag feidhmiú faoin tuath i nDún na nGall a fhorbairt tuilleadh lena n-áirítear pleanáil samhla gnó, oiliúint bainistíochta agus meantóireacht. | Grúpaí P&D, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG | M |
| | | 4.19.4. | Rannphairtíocht trasteorann ar bhonn leanúnach a chur chun cinn trí éascú imeachtaí líonraithe. | ÚnaG, , ICBAN, NWRCB, CAWT, CCDnG, Aerfort Dhún na nGall, Eagraíochtí turasóireachta, FSS, údaráis áitiúla trasteorann, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Comhpháirtíocht Dhún na nGall Tír Eoghain LEADER, INTERREG | S |
| | | 4.19.5. | Comhpháirtíochtaí le príomh-gheallsealbhóirí a chur chun cinn thart ar bhonneagar sóisialta a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na hearnála deonaigh agus pobail | ÚnaG, ICBAN, NWRCB, CAWT, CCDnG, Aerfort Dhún na nGall, Eagraíochtaí turasóireachta, LEADER, INTERREG, FSS, eagraíochtaí spóirt, eagraíochtaí cultúir, Fóram Alcóil, Clár Cúraim Féile, údaráis áitiúla trasteorann | S |
| | | 4.19.6. | Pobail a neartú agus tacaíochtaí leanúnacha a fhorbairt don Eacnamaíocht Shóisialta Pobail chun déileáil le saincheisteanna timpeallachta, eacnamaíocha agus sóisialta trí thacú le deiseanna chun caipiteal sóisialta a fhás agus fiontar sóisialta a bhunú. | ÚnaG, líonraí pobail, grúpaí C& V, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, CCDnG | M |
| | | 4.19.7. | Roghanna a fhiosrú chun tacú le pobail go cothrom ar fud an Chontae trí sholáthar Oibrithe Forbartha Pobail ceantarbhunaithe, freagrach as seachadadh neartú cumais agus tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ann cheana agus grúpaí nua sa cheantar, rannpháirtíocht agus caidreamh pobail a mhéadú dá réir. | Grúpaí P&D, CFPÁ, gníomhaireachtaí reachtúla | M |
| | | 4.19.8. | Tacú le líonra d'eagraíochtaí pobail treoraithe go háitiúil agus iad a chothú chun cláir riachtanacha gnáthdhaoine a chur ar fáil. | CFPÁ, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P&D, Fóram Alcóil, FSS/Meabhairshláinte, Eagraíochtaí óige, SÓDG | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.20.** | An úsáid is mó agus is féidir a bhaint as bonneagar pobail atá ann cheana féin agus féachaint le déileáil le haon easnaimh a shainaithnítear i ndáil le bonneagar pobail sa Chontae. | 4.20.1. | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an mbunachar sonraí SpaceIAL NW maidir le hionad, cuspóir, úsáid agus bainistíocht bonneagair phobail reatha. | CCDnG | G |
| | | 4.20.2. | Inmharthanacht bonneagair phobail reatha a uasmhéadú. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, grúpaí P & D, CCDnG | G-M |
| | | 4.20.3. | Scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht bonneagair phobail reatha agus sócmhainní caipitil láithreáin a chur ar fáil do mhoil Digiteacha Pobail agus mar mhoil ghníomhaíochta forbartha pobail. | CCDnG, ERNACT, FÉ, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | G |
| | | 4.20.4. | Clár píolótach a fhorbairt a chuireann úsáid teicneolaíochta glaise chun cinn in ionaid phobail agus i bhfiontair shóisialta chun cuidiú lena n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú. | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, ÚnaG, grúpaí P&D, Ren Net, ÚFIÉ, CCDnG | M |
| | | 4.20.5. | Tacú le forbairt tionscadal eacnamaíochta sóisialta chun leasa lárionaid phobail agus foirne, acmhainní agus tionscadail reatha á n-úsáid a bhfuil taca fúthu ag luacha agus prionsabail na forbartha pobail | CCDnG, Ionaid Fiontair Phobail, grúpaí P&D | M |
| | | 4.20.6. | Gach bealach maoinithe ionchasach a iniúchadh áit a léirítear go bhfuil gá le bonneagar pobail nua. | ÚnaG, CCDnG, grúpaí P&D | M |
| | | 4.20.7. | Cur le háiteanna súgartha atá ann cheana agus iad a fheabhsú agus áiteanna súgartha nua a fhorbairt chun freastal ar cheantair ina bhfuil riachtanas aitheanta. | CCDnG | M |
| **4.21.** | Tacaíocht a thabhairt, agus cur chun cinn a dhéanamh, maidir le neartú uirbeach na Lárionad Forbartha atá sainaitheanta agus maidir leis na lonnaíochtaí atá ann mar thaca do na lárionaid sin le gur féidir pobail inbhuanaithe uilechuimsitheacha a chur chun cinn agus a éascú. | 4.21.1. | Pleananna gníomhaíochta a ullmhú i leith Lárionad Forbartha sainaitheanta agus na socruithe seirbhíse a thacaíonn leis na lárionaid seo chun:<br>- Tacú le gníomhaíocht phobail chomhoibríoch agus é a chur chun cinn agus cumas a neartú.<br>- Braistint áite, saoránachta agus tús áite doimhnithe a spreagadh.<br>- Gníomhaíocht eacnamaíoch agus cruthú post a chumasú agus díothacht a laghdú.<br>- Comhordú éifeachtach ar obair na hearnálacha pobail, gnó, deonacha agus poiblí a bhunú.<br>- Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí d'fhás eacnamaíoch | **CCDnG,** pobail, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, BOO, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, FSS | G |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | agus pobail gach lárionaid a shainaithint agus a chur i bhfeidhm<br>- A chinntiú go ndéanfadh gníomhaíochtaí ar fud an phlean cur chuige socruithe sláintiúil a ionchorprú i gcomhar le gníomhaíochtaí eile a sainaithníodh sa phlean gníomhaíochta do na Lárionaid Forbartha.<br>- A chinntiú go ndéanfaí aon chistí a mbeadh fáil ag na comhpháirtithe orthu a úsáid go straitéiseach chun an clár aontaithe oibre laistigh de na lárionaid/moil forbartha ainmnithe a mhaoiniú. | | |

## Sprioc 5: Dún na nGall a Fhorbairt mar Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta

| Sprioc 5: Dún na nGall a Fhorbairt mar Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta<br>Cuspóirí | | |
|---|---|---|
| 5.1. | Comhoibriú | Rannpháirteachas, malartú eolais agus comhoibriú níos mó idir soláthróirí oideachais agus an réimse tionscail a neartú. |
| 5.2. | Cúrsaí Muirí | Cumas iomlán na hearnála muirí a bhaint amach trí léann cuí a sholáthar agus trí gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun cinn. |
| 5.3. | An tSochaí Dhigiteach | Teagmháil leis an tsochaí dhigiteach a chur chun cinn i ngach cineál soláthair oideachais. |
| 5.4. | STEM | Spreagadh a thabhairt i leith dul i mbun ábhair STEM. |
| 5.5. | Sláinte | Cur lenár n-oidhreacht liachta, agus feabhas a chur ar shláinte daoine a thiocfaidh inár ndiaidh, trí iarrachtaí nua, nuálaíocht agus comhoibriú a chur ar aghaidh i réimsí an oideachais, an taighde agus sna seirbhíse. |
| 5.6. | Comhpháirtíocht Taighde & Forbartha | Taighde agus Nuálaíocht a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh trí ghréasáin, trí chomhpháirtíocht agus trí chomhoibriú sa réigiún seo agus ar bhonn idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhoibriú le Diaspóra Dhún na nGall. |
| 5.7. | Fostaíocht | Conairí i dtreo fostaíochta a chruthú agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. |
| 5.8. | Acmhainní Nádúrtha | Acmhainní nádúrtha uile an Chontae, i ngach earnáil, a shainaithint agus leas a bhaint astu. |
| 5.9. | Léann | A chumasú do dhaoine aonair barr a gcumais a bhaint amach trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus na nithe sin a bheith ar fáil go héasca. |
| 5.10. | Bonneagar a úsáid | An úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as bonneagar atá ann cheana féin agus as bonneagar nua agus easnaimh bhonneagair sa réigiún a shainaithint agus a réiteach. |
| 5.11. | Leitir Ceanainn Nasctha | A chinntiú gur áit nasctha í Leitir Ceanainn i gcomhthéacs an léinn, an taighde agus na nuálaíochta. |
| 5.12. | Naisc 3ú Leibhéal | Naisc níos mó idir soláthróirí oideachais tríú leibhéal a chur chun cinn d'fhonn forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach, taighde agus nuálaíocht a chur ar aghaidh sa réigiún. |
| 5.13. | FET | Conairí rochtana ar bhreisoideachas agus ar oiliúint a fheabhsú. |
| 5.14. | Litearthacht & Uimhearthacht | Feabhas a chur ar litearthacht, ar uimhearthacht agus ar scileanna cumarsáide i measc aosach agus daoine óga. |
| 5.15. | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach san Earnáil Oideachais | Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair san earnáil oideachais. |
| 5.16. | Braislí | Forbairt roinnt braislí a éascú chun fiontraíocht, infheistíocht agus fiontair a chur chun cinn sa réigiún. |
| 5.17. | Pleanáil Spásúlachta | Acmhainní atá ann cheana féin a úsáid chun pleanáil éifeachtach spásúlachta a éascú sa réigiún. |
| 5.18. | Fiontraíocht | Bainistíocht ghnó agus cumais úinéirí/bainisteoirí FBM-anna a neartú. |

## Sprioc 5: Gníomhaíochtaí

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.1.** | Rannpháirteachas, malartú eolais agus comhoibriú níos mó idir soláthróirí oideachais agus an réimse tionscail a neartú. | 5.1.1. | Páirc Eolaíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRSP) a fhorbairt trí shíneadh 20,000 tr [2] a chur le Colab ITLC, agus tionchar na páirce eolaíochta den tríú glúin mar bhranda ardchaighdáin a uasmhéadú le tacaíochtaí cláir a thiomáineann taighde agus nuálaíocht sa réigiún. | ITLC, CCDnG. FEÉ, Comhpháirtithe Trasteorann | G-M-F |
| | | 5.1.2. | An tionscadal M2D2 agus C-TRIC a chur i bhfeidhm chun timpeallacht a chruthú áit ar féidir le nuálaíocht taighde agus tráchtálú smaointí nua a theacht chun cinn, chun fás eacnamaíoch agus malartú eolais a thiomáint agus earnáil eolaíochtaí beatha a chur chun cinn sa réigiún. | ITLC, CCDnG, FEÉ, FÉ, ÚFT | M |
| | | 5.1.3. | Naisc le tionscal a fhiosrú chun a chinntiú go dtagann oiliúint le riachtanais. | ITLC, BOO, ÚnaG, CCDnG , comhpháirtithe tionscail | G-M-F |
| | | 5.1.4. | Tráchtálú breise torthaí taighde a fhiosrú trí chomhpháirtíochtí le tionscal. | ITLC, ÚnaG, comhpháirtithe tionscail | M-F |
| | | 5.1.5. | Deiseanna a fhiosrú chun oiliúint a chomhtháthú maidir le fiontraíocht in oideachas dara leibhéal. | ITLC, BOO, Comhlachtaí scoile, comhpháirtithe tionscail | M |
| | | 5.1.6. | Iniúchadh taighde agus scileanna a dhéanamh ar chuideachtaí baile agus thar lear i gcomhar le gníomhaireachtaí forbartha fiontair agus soláthróirí oideachais. | ITLC, BOO, Solas, CCDnG, ÚnaG, comhpháirtithe tionscail | M |
| | | 5.1.7. | Fad a chur le rolladh amach clár gníomhachtaithe saothair agus áiteanna ar chláir mar Springboard | ITLC, BOO, RCS | G-M |
| **5.2.** | Cumas iomlán na hearnála muirí a bhaint amach trí léann cuí a sholáthar agus trí gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun cinn. | 5.2.1. | Tacaíochta a chur ar fáil do SMEanna chun taighde a dhéanamh a mhéadóidh cumas táirgthe, a fheabhsóidh cumas próiseála, a chuirfidh le forbairt táirge nua agus a chuirfidh Branda Dhún na nGall chun cinn. | ITLC, ÚnaG, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, BIM, CCDnG | M |
| | | 5.2.2. | Lárionad Taighde Náisiunta nua a bhunú i bhForbairt Bia Mara/Muirí agus Fuinnimh In-athnuaite. | ITLC, ÚnaG, BIM IDP, IIÉ, Gníomhaireacht na Lochlanna | M-F |

| Tag | Cuspóir | Tag Gníomhaíochta | Gníomhaíocht | Comhpháirtithe Cur Chun Feidhme | Gníomhaíocht Ghearr, Mheán nó Fhadtéarmach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 5.2.3. | Ceardlanna agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil chun cuideachtaí a éascú chun scileanna agus cumais nua a fháil, i bpróiseáil agus i ngnó. | ITLC, ÚnaG, BIM, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | M |
